

AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUaidH THEAS

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2020



North South Ministerial Council  
An Chomhairle Aireachta  
Thuaidh Theas

# CLÁR

## Leathanach

RÉAMHRÁ		1
CAIBIDIL 1	Cruinnithe Iomlánacha CATT	3
CAIBIDIL 2	Cruinnithe Institiúideacha CATT	6
CAIBIDIL 3	Earnálacha CATT	9
	Talmhaíocht	10
	Oideachas	13
	Comhshaol	16
	Sláinte	19
	Turasóireacht	22
	Iompar	24
	Dobharshaothrú agus Cúrsaí Mara	26
	Sábháilteacht Bia	28
	Uiscebhealaí Intíre	30
	An Comhlacht Teanga Thuaidh Theas	32
	Cláir Speisialta AE	35
	Forbairt Trádála agus Gnó	37
CAIBIDIL 4	Comhrúnaíocht For-rochtana CATT	39
larscríbhinn 1	Cruinnithe CATT in 2020	40
larscríbhinn 2	Comhrúnaíocht CATT	42
larscríbhinn 3	Na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas	43
larscríbhinn 4	Turasóireacht Éireann Teoranta	47
larscríbhinn 5	Baill Boird na gComhlachtaí Thuaidh Theas le linn 2020	48

## RÉAMHRÁ

Tá áthas orainn an tuarascáil seo ar obair na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas in 2020 a chur i láthair. Reáchtáladh cúig chruinniú den Chomhairle i rith na bliana agus ó réachtáladh an chéad chruinniú iomlánach i mí na Nollag 1999 bhí chóir a bheith 300 cruinniú den Chomhairle ann san iomlán. Le breis agus fiche bliain anuas d'oibrigh an Chomhairle ar fud an dá réimse beartais déag agus tríd na Comhlachtaí Thuaidh Theas le comhairliúchán, comhoibriú agus gníomhaíochtaí a fhorbairt i réimsí a bhí ábhartha d'Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus do Rialtas na hÉireann araon, agus le tairbhí sóisialta, geilleagracha, agus cultúrtha a chur ar fáil do dhaoine sa dá dhlínse.

Roimh 2020, bhuail an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas an uair dheireanach i mí n Nollag 2016. I ndiaidh d'Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann feidhmiú arís agus bhunú Rialtas na hÉireann nua, thosaigh gnáthphatrún chruinnithe na Comhairle arís i mí Iúil 2020. Tharla clár iomlán cruinnithe ar fud an dá earnáil déag go léir sa dara leath den bhliain. Reáchtáil an Chomhairle dhá chruinniú institiúideach agus dhá chruinniú iomlánach le linn 2020 chomh maith.

Pléadh réimse leathan ceisteanna ag cruinnithe na Comhairle. Rinneadh athbhreithniú ar an dul chun cinn a baineadh amach sa chomhoibriú Thuaidh Theas ó 2016, rinneadh machnamh ar thosaíochtaí reatha, agus amharcadh chun cinn ar cheisteanna agus ar dheiseanna amach anseo do chomhoibriú chomhthairbheach. Notáil an Chomhairle an méid oibre an-tábhachtach atá na Comhlachtaí Thuaidh Theas ag déanamh go fóill ar mhaithe leis na pobail, leis an tsochaí agus leis an gheilleagar sa dá dhlínse agus ghabh sí a buíochas le Boird agus foirne na gComhlachtaí as a gcuid oibre ó 2016.

Lean an obair a bhí déanta ar fud earnálacha CATT ar aghaidh difear mór agus dearfach a dhéanamh do shaolta agus do shlite maireachtála dhaoine, do ghnóthaí agus do phobail. Tugann an dul chun cinn déanta i gclár oibre na hEarnála Sláinte le blianta déanacha anuas roinnt samplaí suntasacha. I measc na n-éachtaí a bhí bainte amach bhí tógáil Ionad Ailse an Iarthuaiscirt, a osclaíodh go hoifigiúil in 2017 le seirbhísi raiditeiripe a sholáthar do Réigiún an Iarthuaiscirt uilig, agus chuir sé coireáil ar bhreis agus 700 othar trasteorann. Chomh maith leis sin, cuireadh cóireáil ar níos mó ná 270 othar ó Chontae Thír Chonaill in Otharlann Allt Mhic Dhuibhleacháin faoi na socruithe trasteorann a comhaontaíodh in 2016 le cóireáil a chur ar othair a bhfuil an-fhadhbanna móra acu lena gcroíthe. Leanann na socruithe comhoibrithe eile san earnáil, amhail an Líonra Uile-Oileáin um Ghalar Croí ón Bhroinn agus Seirbhís Trasphlandú Duáin Mhalartán Deontóirí Beo Thuaidh Theas ar aghaidh saolta na saoránach sa dá dhlínse a fheabhsú go mór.

Ba léir gur bhliain phaindéim Covid-19 ba ea an bhliain 2020 agus ba bhliain dheacair agus ghruama do phobail ar fud an oileáin í. Dúshláin gan fasach don dá Rialtas ba ea Covid-19, agus bhí fócas mór ar an méid a d'fhéadfadh comhchuir chuige bheartais Thuaidh/Theas a dhéanamh le tabhairt faoi éifeachtaí na paindéime agus iad a ísliú mar aon le téarnamh sóisialta agus geilleagrach a chur chun cinn i ngach ceann de na cruinnithe earnála a reáchtáladh ar na mallaibh.

Go hoibríochtúil, ba mhór an tionchar a bhí ag an phaindéim ar mhodhanna oibre na Comhairle agus na Comhrúnaíochta. De na cúig chruinniú déag den Chomhairle a reáchtáladh in 2020, níor tharla ach trí cinn díobh – reáchtáladh an cruinniú iomlánach i mí Iúil agus na cruinnithe institiúideacha i mí Mhárta agus i mí na Nollag – san fhormáid thraidisiúnta. Reáchtáladh na cruinnithe earnála go léir, agus an cruinniú iomlánach i mí na Nollag, trí fhíschomhdháil.

Rinneadh machnamh ar impleachtaí chomhoibriú an Bhreitheachta i ngach ceann d'earnálacha CATT ag cruinnithe na Comhairle. Aithníodh comhshuim an dá dhlínse an cur isteach ar ghníomhaíochtaí trádála agus gilleagracha ar an oileán a íoslaghdú.

B'eilimintí tábhachtacha de chlár oibre na Comhairle ar fud roinnt earnálacha iad na gealltanais a tugadh i gcomhthéacs *Ré Nua, Cur Chuige Nua*. Léirigh an dul chun cinn a bhí déanta san ábhar seo coimhlint leanúnach Rialtas na hÉireann agus Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann obair a dhéanamh trí CATT le tionscadail a chomhlíonadh a rachaidh chun leasa do mhuintir an oileáin seo, agus a thabharfaidh tacaíocht do chomhoibriú a fhíoróidh acmhainneacht iomlán na ngeilleagar sa dá dhlínse. Bhí caibidlí ar na gealltanais éagsúla ann ag cruinnithe earnála CATT agus go déthaobhach idir Airí. Ina theannta sin, bunaíodh Grúpa Oifigeach Sinsearach ina bhfuil ionadaithe ón dá Rialtas le cur i bhfeidhm na ngealltanais bonneagair agus gilleagrach Thuaidh Theas, a bhí leagtha amach in *Ré Nua, Cur Chuige Nua*, a chur chun cinn.

Bhí ról an mhaoinithe Eorpaigh ar fud na n-earnálacha á phlé fós ag cruinnithe na Comhairle in 2020. Rinneadh tarraingtí anuas móra ó chlár PEACE IV agus INTERREG VA 2014-2020 an AE, Horizon 2020, agus LIFE. Cuirfidh forbairt chlár nua PEACE PLUS, a chuathas chun cinn i rith 2020, acmhainní mórthábhachtacha ar fáil le linn tréimhse an chlár 2021-2027 le síocháin agus athmhuintearas a chur chun cinn agus cuideoidh sé le forbairt gilleagrach agus shóisialta trasteorann.

Rinneadh roinnt ceapachán ar Bhoird Thurasóireacht Éireann, ar an Chomhlacht Teanga Thuaidh Theas, ar IdirThrádáil Éireann, ar *Safefood* agus ar Ghníomhaireacht na Lochanna sa bhliain seo a chuaigh thart. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leo sin fosta a rinne seirbhís ar na Boird roimhe agus guíonn muid gach rath ar na baill Boird nua.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil fosta leis na hoifigigh i Ranna Rialtas na hÉireann agus Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann, sna Comhlachtaí Thuaidh/Theas, sna gníomhaireachtaí a thacaíonn lenár gcuid oibre agus, lenár gcomhghleacaithe sa Chomhrúnaíocht ach go háirithe as a dtacaíocht agus a gcomhoibriú le linn bhliain dhúshlánach 2020. Ba mhaith linn an deis seo a thapú fosta aitheantas a thabhairt don méid oibre a bhí déanta thar na blianta sa CATT ag ár gcomhghleacaí Shane O'Neill, a rinne seirbhís inti mar Chomhrúnaí Theas idir 2012-2019, agus a fuair bás i mí Feabhra 2021 ar an drochuair.

Tugann comhoibriú trí CATT deiseanna tábhachtacha le tabhairt faoi chomhchuspóirí beartais agus le saolta na saoránach ar fud an oileáin seo a fheabhsú. Tá muid ag súil le clár oibre na Comhairle amach anseo a chur chun cinn agus leis na fíorthairbhí a bhainfidh an dá dhlínse as an obair sin.



**Tim Losty**  
Comhrúnaí (Thuaidh)



**Mark Hanniffy**  
Comhrúnaí (Theas)

## CAIBIDIL 1

### CRUINNITHE IOMLÁNACHA CATT

Buaileann Airí ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus ó Rialtas na hÉireann le chéile ag cruinnithe CATT le léargas ginearálta a thabhairt ar an chomhoibriú ar an oileán agus ar na hinstiúidí Thuaidh Theas. Reáchtáladh dhá chruinniú iomlánach CATT in 2020. Reáchtáladh an chéad chruinniú iomlánach ó mhí na Samhna 2016 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar 31 Iúil. Reáchtáladh an dara chruinniú iomlánach trí fhíschomhdháil ar 18 Nollaig in oifigí Chomhrúnaíocht CATT in Ard Mhacha.

Bhí toscaireacht Rialtas na hÉireann faoi cheannasaíocht an Taoisigh, Micheál Ó Máirtín TD agus bhí toscaireacht Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann faoi cheannasaíocht an Chéad-Aire, an Ró-Onórach Arlene Foster CTR, agus an LeasChéad-Aire, Michelle O'Neill CTR ag an dá chruinniú.

Ag an chruinniú i mí Iúil chuir na hAirí fáilte roimh atoiseacht chruinnithe na Comhairle. Thug an cruinniú seo deis do Rialtas na hÉireann nua agus d'Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann nua bualadh le chéile go foirmiúil den chéad uair agus tuairimí ar réimse leathan ceistanna comhshuime agus combhuartha a roinnt.

Tá na Comhráitis foilsithe i ndiaidh gach cruinniú ar fáil ag [www.northsouthministerialcouncil.org](http://www.northsouthministerialcouncil.org)



*Cruinniú iomlánach i mí Iúil 2020, Caisleán Bhaile Átha Cliath*

### **Obair na Comhaire Aireachta Thuaidh Theas – Tuarascáil na gComhrúnaithe ar Dhul Chun Cinn**

Fuair an Chomhairle tuarascáil ó Chomhrúnaithe CATT ar obair na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas agus ar na Réimsí Comhoibrithe ag an dá chruinniú.

Ag an chruinniú i mí Iúil nótaíl an Chomhairle gur lean obair na gComhlachtaí Thuaidh Theas ar aghaidh cuidiú go mór le pobail, leis an tsochaí agus leis an gheilleagar sa dá dhlínse agus ghabh sí a buíochas do na Boird agus d'fhoirne na gComhlachtaí as a gcuid oibre ó 2016. Chuir an Chomhairle fáilte fosta roimh an chomhoibriú a théann chun tairbhe don dá dhlínse a dhéanann na hAirí agus a Ranna fós ar fud na Réimsí Comhoibrithe. Nótaíl na hAirí obair leanúnach Pháirtíocht Forbartha Straitéisí an Iarthuaiscirt agus an obair leanúnach atá ar siúl ag oifigigh shinsearacha ón dá Rialtas le páirtithe leasmhara réigiúnacha i dtaca leis an treoir agus na tosaíochtaí do réigiún an Iarthuaiscirt.

Ag an chruinniú i mí na Nollag chuir na hAirí fáilte roimh atoiseacht chruinnithe earnála CATT agus nótail siad go raibh cruinnithe ann ar fud Earnálacha CATT go léir ó bhí an chéad chruinniú iomlánach ann roimhe i mí Iúil 2020. Nótail siad gur reáchtáladh na cruinnithe trí fhíschomhdháil, mar gheall ar shrianta Covid-19 sa dá dhlínse, agus go mbuailfeadh siad le chéile go pearsanta arís ag cruinnithe a luaithe agus a cheadófaí é de réir cúinsí sláinte poiblí. Nótail an Chomhairle gur phléigh gach earnáil réimse leathan ceisteanna amhail an téarnamh ó Covid-19, tosaíochtaí agus cláir oibre agus impleachtaí aistarraingt na Ríochta Aontaithe as an AE chomh maith le sainábhair éarnála éagsúla.

### **An Fhreagairt ar Covid-19**

Phléigh an Chomhairle paindéim Covid-19 ag an dá chruinniú iomlánach, ina ndearna siad comhbhrón leo siúl go léir a chaill a ndaoine muinteartha. Ghabh siad a mbuíochas leis na daoine sin uilig a bhí páirteach, agus atá páirteach go fóill sa fhreagairt ar Covid-19. Thug siad aitheantas fosta do chrógacht, teacht aniar agus coimítmint sháiríontach na n-oibrithe sláinte agus sóisialta ach go háirithe, as a gcuid oibre ar an líne tosaigh agus do mheitheal oibre níos leithne na n-oibrithe riachtanacha a choinnigh seirbhísí agus áiseanna éagsúla ag dul ar aghaidh, go minic i gcúinsí dúshlánacha.

Ag an dá chruinniú fuair an Chomhairle treoir eolais ó na Príomh-Oifigigh Mhíochaine ar chúrsaí na sláinte poiblí reatha agus ar an chomhoibriú leanúnach sa fhreagairt ar phaindéim Covid-19.

Ag an chruinniú i mí Iúil, nótail an Chomhairle gur bhuaill ionadaithe sinsearacha ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus ó Rialtas na hÉireann, agus a bPríomh-Oifigigh Mhíochaine le chéile in oifigí Chomhrúnaíocht CATT in Ard Mhacha ar 14 Márta le hathbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí maidir le víreas Covid-19 agus leis an dóigh is fearr le tabhairt faoin ráig a phlé. Lean ionadaithe sinsearacha ón dá Rialtas ar aghaidh bualadh le chéile go rialta leis an fhreagairt leanúnach ar Covid-19 a phlé.

Ag an dá chruinniú, chuir an Chomhairle fáilte roimh an dlúthchomhoibriú fhiúntach atá ag dul ar aghaidh fós idir na hAirí Sláinte, na Príomh-Oifigigh Mhíochaine agus na húdaráis sláinte, Thuaidh agus Theas, le freagairt éifeachtach sláinte poiblí a dhéanamh.

Ag an dá chruinniú phléigh an Chomhairle fosta éifeacht na paindéime ar an tsochaí agus ar an gheilleagar, Thuaidh agus Theas mar aon leis na bearta a chuir an dá Rialtas i bhfeidhm le tacú le pobail agus gnóthaí a raibh tionchar ag an ghéarchéim orthu agus le cuidiú le téarnamh geilleagrach. Chomhaontaigh na hAirí go leanfadh na cruinnithe den Chomhairle a bheadh ann amach anseo sna hearnálacha ábhartha machnamh a dhéanamh ar na dóigheanna a bhféadfadh na cuir-chuige Thuaidh-Theas cuidiú le téarnamh geilleagrach agus sóisialta a chur chun cinn.

### **Impleachtaí Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an AE**

Ag an chruinniú iomlánach i mí Iúil phléigh an Chomhairle impleachtaí tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an AE, an Prótacal ar Éirinn/Thuaisceart Éireann san áireamh. Aithníodh comhshuim an dá dhlínse an cur isteach ar ghníomhaíochtaí trádála agus geilleagracha ar an oileán a íoslaghdú.

Ag an chruinniú i mí na Nollag nótáil an Chomhairle, de bharr na n-idirbheartaíochtaí atá ag dul ar aghaidh fós, nach raibh soiléiriú iomlán ar an tionchar ar chomhoibriú i roinnt réimsí ar fáil go fóill. Chomhaontaigh an Chomhairle gur chóir go leanfaí le rannpháirtíocht idir na Rialtais ar an cheist seo beag bean ar thoradh na n-idirbheartaíochtaí, laistigh de struchtúir na Comhairle agus in áiteanna eile ina n-áireofaí na cúinsí forbartha. Nótáil na hAirí an ról a bhí ag CATT maidir leis na moltaí a bhain le cur i bhfeidhm agus feidhmiú an Phrótacail a cuireadh chuig an Sain-Choiste a bunaíodh le machnamh a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann leis an Phrótacal ar Éirinn/Thuaisceart Éireann agus chomhaontaigh sí gur chóir d'oifigigh comhoibriú le meicníocht iomchuí a fhorbairt, a chomhaontódh na hAirí, le moltaí a chur faoi bhráid an tSain-Choiste.

### **Gealltanais Ré Nua, Cur Chuige Nua**

Ag cruinniú iomlánach CATT ar 31 Iúil 2020 tugadh achoimre ar an bhealach chun tosaigh faoi na gnéithe a bhain le Gealltanais Ré Nua, Cur Chuige Nua agus iarradh go bpléifeadh na hAirí agus a n-oifigigh ábhartha na gealltanais seo, trí obair éarnálacha CATT nuair b'iomchuí é san áireamh. Nótáil an Chomhairle chomh maith go mbuailfeadh oifigigh shinsearach go rialta go fóill le léargas straitéiseach a choinneáil ar na tionscadail agus na gealltanais a bhí leagtha amach i gcomhthéacs Ré Nua, Cur Chuige Nua.

I mí na Nollag, nótáil na hAirí go raibh caibidlí ann ag cruinnithe eárnála CATT agus go déthaobhach ar ghealltanais éagsúla idir Airí mar a bhfuil na gealltanais á gcur chun cinn taobh amuigh de struchtúir CATT maidir le:

- fíorú Chonair Iompair Iartharach an A5;
- dul chun cinn thionscadal athchóirithe Chanáil Uladh agus Ghlasbhealach Chanáil Uladh;
- athbhreithniú ar an ghréasán iarnróid sa dá dhlínse;
- na chéad chéimeanna eile i ndul chun cinn thionscadal Dhroichead Caol Uisce;
- an t-athbhreithniú ar aernascacht a thosaigh an Roinn Iompair;
- forbairt Ghlasbhealach Shligigh-Inis Ceithleann;
- an soláthar ardoideachais i réigiún an Iarthuaiscirt;
- an rannpháirtíocht leanúnach le Páirtíocht Forbartha Straitéisí an Iarthuaiscirt; agus
- comhoibriú i réimse an taighde agus na nuálaíochta.

### **Boird na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas agus Thurasóireacht Éireann**

Ag an chruinniú i mí Iúil d'fhaomh an Chomhairle ceapachán stiúrthóirí ar Bhord Thurasóireacht Éireann, agus chomhaontaigh sí go ndéanfaí ceapacháin leis na folúntais eile ar Bhoird na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas a líonadh ag cruinnithe na Comhairle sa todhchaí.

### **Cruinnithe CATT sa todhchaí**

Ag an dá chruinniú iomlánach d'fhaomh an Chomhairle sceideal de chruinnithe CATT arna mholadh ag an Chomhrúnaíocht, agus chomhaontaigh sí go ndéanfadh Airí machnamh ar thosaíochtaí agus ar chláir oibre sna réimsí eárnála ábhartha ag na cruinnithe eárnála a bheadh le teacht.

## CAIBIDIL 2

### CRUINNITHE INSTITIÚIDEACHA

Buaileann an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas le chéile i bhformáid institiúideach le cúrsaí institiúideacha agus trasearnála a phlé. Reáchtáladh dhá chruinniú Institiúideach CATT i mbliana, ar 11 Márta agus ar 16 Nollaig.

D'fhreastail Helen McEntee TD, Aire Stáit um Ghnóthaí Eorpacha ó Rialtas na hÉireann agus ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann d'fhreastail Declan Kearney CTR agus Gordon Lyons CTR, Airí Sóisearacha ar an chruinniú ar 11 Márta. D'fhreastail an Chéad-Aire, an Ró-Onórach Arlene Foster CTR, agus an LeasChéad-Aire, Michelle O'Neill CTR ar son Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus Simon Coveney TD, Aire do Ghnóthaí Eachtracha ar son Rialtas na hÉireann ar an chruinniú ar 16 Nollaig.

Tá na Comhráitis foilsithe i ndiaidh gach cruinniú ar fáil ag [www.northsouthministerialcouncil.org](http://www.northsouthministerialcouncil.org)



*An Chéad-Aire, an Ró-Onórach Arlene Foster CTR, Aire do Ghnóthaí Eachtracha, Simon Coveney TD agus an LeasChéad-Aire, Michelle O'Neill CTR, ag cruinniú institiúideach mhí na Nollag in Ard Mhacha. Chloígh an cruinniú le rialacháin Covid-19.*

### An Fhreagairt ar Covid-19

Ag an chruinniú i mí na Nollag nótáil an Chomhairle gur pléadh ceisteanna Covid-19 in earnálacha CATT go léir, éifeacht na paindéime ar na hearnálacha sin agus méid an chomhoibrithe fhéideartha sna earnálacha sin le téarnamh geilleagrach agus sóisialta a bhaint amach san áireamh.



Chuir na hAirí fáilte roimh an rannpháirtíocht agus na gealltanais go dtí seo sa dá dhlínse mar fhreagairt ar Covid-19, go háirithe i gcomhoibriú sláinte, agus nótáil siad go leanfadh an dá Rialtas ar aghaidh leis an chomhoibriú, a luaithe agus ab'fhéidir leis an fhreagairt ab'fhearr ar dhúshlán na paidéime a chinntiú.

## **Tarraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an AE**

I mí na Nollag, nótáil na hAirí go ndearna an Chomhairle machnamh ar impleachtaí tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an AE i ngach ceann d'earnálacha CATT. Chomhaontaigh na hAirí go leanfadh siad, agus a n-oifigigh, ar aghaidh le cinntiú go leanfaí leis an chomhoibriú i ndiaidh deireadh na hidirthréimhse. Nótáil an Chomhairle go mbuailfeadh oifigigh shinsearacha ó Oifig an Fheidmeannais, ó Roinn an Taoisigh agus ón Roinn do Ghnóthaí Eachtracha le chéile go rialta le ceisteanna a thiocthadh anuas ón Bhreathimeacht a phlé agus go gcoinneodh siad an dá Rialtas agus CATT ar an eolas go rialta.

## **Gealltanais Ré Nua, Cur Chuige Nua**

I mí na Nollag, nótáil an Chomhairle go raibh plé ann ar roinnt gealltanais Ré Nua, Cur Chuige Nua (RNCCN) a raibh gné trasteorann acu ag cruinnithe earnálacha CATT agus go déthaobhach idir Airí. Bunaíodh grúpa oifigeach sinsearach ón dá dhlínse le maoirseacht straitéiseach ar agus dul chun cinn na dtionscadal a phléann le nasacht agus bonneagar, taighde agus nuálaíocht, agus infheistíocht san iarthuaisceart agus sna pobail ar an teorainn, a chothabháil. Buaileann an grúpa seo le chéile go rialta agus tugann sé eolas ar a chuid oibre don dá Rialtas agus do CATT. Nótáil na hAirí fosta tionscnamh an Oileáin Chomhroinnte agus Ciste an Oileáin Chomhroinnte bainteach de €500 milliún, ar fáil suas go 2025, arna bhunú ag Rialtas na hÉireann, le tacú le hinfeistíocht i dtograí comhroinnte nua, fíorú na ngealltanais atá achoimrithe in Ré Nua, Cur Chuige Nua ina measc.

## **Na Comhlachtaí Thuaidh Theas**

### **Ceapachán na mBall Boird**

Ag an chruinniú i mí Mhárta, d'fhaomh an Chomhairle ceapachán na mball boird ar an Chomhlacht Trádála agus Forbairt Gnó (IdirThrádáilÉireann), agus na stiúrthóirí ar Thuasóireacht Éireann le méid teoranta folúntas práinneach agus tábhachtach a raibh tionchar acu ar rialú an dá Chomhlacht, a líonadh.

Ag an chruinniú i mí na Nollag, d'fhaomh an Chomhairle ceapachán na mball boird ar an Chomhlacht Teanga Thuaidh Theas, ar an Chomhlacht Trádála agus Forbairt Gnó (IdirThrádáilÉireann), agus ar Bhord Comhairleach an Bhoird um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia (*safefood*).

### **Feidhmiú na gComhlachtaí Thuaidh Theas agus Thuasóireacht Éireann**

Ag an chruinniú i mí na Nollag, nótáil an Chomhairle go ndéanann na comhlachtaí Thuaidh Theas a sainchúram fós, mar a bhí achoimrithe i gcomhaontú 8 Márta 1999, agus go gcoinníonn CATT maoirseacht ar a gcuid oibre. Nótáil na hAirí go raibh na comhlachtaí ar an saol le breis agus 20 bliain agus d'aithin siad go raibh athruithe déanta ar a dtimpeallachtaí oibriúcháin le linn an ama sin. Chomhaontaigh siad gur chóir d'oifigigh athbhreithiniú a dhéanamh ar chreatlach oibriúcháin na gcomhlachtaí agus scrúdú a dhéanamh orthu le fáil amach dá mbeadh siad iomchuí agus go gcuirfí moltaí i láthair dá mba ghá.

## **Tosaíochtaí Earnála**

Ag an chruinniú i mí na Nollag, nótáil na hAirí na caibidlí a bhí ann ag cruinnithe earnála CATT agus an aidhm acu cinntiú go gcinneofaí na cláir oibre sna réimsí CATT éagsúla le haghaidh comhoibrithe suas chun dáta agus go léireodh siad tosaíochtaí an Fheidhmeannais agus Rialtas na hÉireann. Chomhaontaigh an Chomhairle gur chóir d'Airí athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na cláir oibre le cinntiú go leireodh siad tosaíochtaí an dá Rialtas. Chomhaontaigh siad go raibh machnamh ar na tosaíochtaí earnála san fhadtéarma de dhíth agus go gcuirí páipéar air seo i láthair ag cruinniú Institiúideach sa todhchaí.

## **Rialachas Corparáideach na gComhlachtaí Thuaidh Theas**

Ag an chruinniú i mí na Nollag, d'fhaomh an Chomhairle na pleananna seo a leanas:

- Plean Corparáideach an Chomhlachta Teanga Thuaidh/Theas do 2017-19;
- Pleananna Gnó an Chomhlachta Teanga Thuaidh/Theas do 2018, 2019 agus 2020;
- Pleananna Gnó Uiscebhealaí Éireann do 2020 agus 2021;
- Plean Corparáideach IdirThrádáil Éireann do 2020-22; agus
- Plean Gnó IdirThrádáil Éireann do 2021.

Bhí na pleananna uilig críochnaithe de réir na teorach comhaontaithe arna heisiúint ag an Roinn Airgeadais agus an Roinn Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus bhí siad comhaontaithe ag na Ranna Urraithe agus ag na hAirí Airgeadais go léir.

Nótáil na hAirí gur cuireadh an tuarascáil agus na cuntais bhliantúla don Chomhlacht Teanga Thuaidh/Theas do 2016 agus 2017 faoi bhráid an Tionóil agus an dá Theach den Oireachtas. Moladh don Chomhairle go raibh cuntais an Chomhlachta Teanga Thuaidh/Theas do 2018 deimhnithe agus go gcuirí i láthair iad ag cruinniú sa todhchaí agus gur chuir an dá ghníomhaireacht tús leis na hiniúchtaí allamuigh de chuntais 2019.

## CAIBIDIL 3

### EARNÁLACHA CATT

Buaileann an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas le chéile i bhformáid earnála le maoirseacht a dhéanamh ar chomhoibriú sna 12 earnáil bheartais chomhaontaithe. I sé cinn de na hearnálacha seo, déanann na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas agus na sé Réimse Comhoibrithe comhoibriú tríd na meicníochtaí atá ann faoi láthair a úsáid i ngach dlínse.

Sna sé Chomhlacht Forfheidhmithe Thuaidh Theas tá Uiscebhealaí Éireann, an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia, an Comhlacht Forbairt Trádála agus Gnó, Comhlacht Chláir Speisialta an Aontais Eorpaigh, an Comhlacht Teanga Thuaidh Theas agus Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann. Tá tuilleadh eolais ar na Comhlachtaí Thuaidh Theas ar fáil in Iarscríbhinn 3.

Is iad Talmhaíocht, Oideachas, an Comhshaol, Sláinte, Turasóireacht (Turasóireacht Éireann san áireamh) agus Iompar na réimsí comhoibrithe ina ndéantar comhoibriú fosta. Tá tuilleadh sonraí ar Thurasóireacht Éireann ar fáil in Iarscríbhinn 4.

Ag na cruinnithe earnála seo de chuid CATT, freastalaíonn an tAire nó an tAire Stáit atá freagrach as an Earnáil sin ar son Rialtas na hÉireann, agus beirt Airí ar son Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann orthu, an tAire atá freagrach as an Earnáil sin laistigh den Fheidhmeannas, agus Aire eile ainmnithe ag an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire ar bhonn trasphobail de ghnáth.

Tá na Comhráitis foilsithe i ndiaidh gach cruinniú ar fáil ag [www.northsouthministerialcouncil.org/publications](http://www.northsouthministerialcouncil.org/publications).

## **TALMHAÍOCHT**

Reáchtáladh cruinniú Talmhaíochta na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas trí fhíschomhdháil ar 18 Samhain 2020 in oifigí Chomhrúnaíocht CATT, Ard Mhacha. D'fhreastail Edwin Poots CTR, Aire Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe, Nichola Mallon CTR, Aire Bonneagair, Charlie McConalogue TD, Aire Talmhaíochta Bia agus Mara, agus Heather Humphreys TD, Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail, ar an chruinniú.

### **An Fhreagairt ar Covid-19**

Phléigh na hAirí éifeacht phaindéim Covid-19, agus nótáil an Chomhairle an cur chuige comhoibritheach maidir le tuilleadh staidéar ar riosca Covid-19 i monarchana próiseála feola agus ar a laghdú molta chomh maith le cúinsí i dtaca leis na deacrachtaí leanúnacha atá ag na margaí talmhaíochta agus leis na bearta bainteacha a tugadh isteach le tabhairt faoi na deacrachtaí seo.

Nótáil na hAirí na dlúth-theagmhálacha leanúnacha idir oifigigh ón Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe (RTCGT), ón Roinn Talmhaíochta Bia agus Mara (RTBM) agus ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP) ar réimse ceistanna a bhí bainteach leis an phaindéim.

### **Impleachtaí Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an AE**

Nótáil na hAirí an obair atá á déanamh le hullmhú do dheireadh na hidirthréimhse agus chomhaontaigh siad an fhéidearthacht le haghaidh tuilleadh comhoibrithe a fhiosrú le tabhairt faoi na dúshlán ar leith a d'fhéadfadh teacht chun cinn don earnáil.

### **Athbhreithniú ar an Chlár Oibre**

Nótáil an Chomhairle go reáchtáladh RTCGT, RTBM agus RFTP ceardlann go luath in 2021 le hathbhreithniú a dhéanamh ar an chlár oibre san Earnáil Talmhaíochta agus nótáil sí go gcuirí páipéar uasdátaithe i láthair ag an chéad chruinniú earnála Talmhaíochta eile.

### **Ceistanna an Chombheartais Talmhaíochta (CBT)**

Nótáil an Chomhairle go raibh rún ag RTCGT a Creatlach Beartais Talmhaíochta don Todhchaí a sheoladh sna míonna atá le teacht. Nótáil sí fosta an simpliú ar na rialacha a rialaíonn íocaíochtaí díreacha do scéim 2021 a bheadh RTCGT á dhéanamh agus go mbeadh machnamh á dhéanamh ag RTCGT ar an chur chuige níbhfhadtéarmaí maidir le híocaíochtaí tacaíochta.

Nótáil na hAirí na pleananna amach anseo atá á bhforbairt an RTBM don earnáil bia talmhaíochta faoi na moltaí CBT is déanaí agus nótáil sí gur atosáigh an dlúth-theagmháil idir oifigigh ó RTCGT agus RTBM ar ábhair chomhshuime san earnáil bia talmhaíochta, go háirithe ar cheistanna comhshaoil tábhachtacha mar a bhaineann siad le cur i bhfeidhm beartais talmhaíochta sa todhchaí.

## Sláinte Ainmhithe

Chuir na hAirí fáilte roimh an obair leanúnach agus an dul chun cinn a bhí bainte amach leis an 'Plean Gníomhaíochta um Straitéis Sláinte agus Leas Ainmhithe Uile-Oileáin' a fhíorú ó bhí an chéad chruinniú Talmhaíochta CATT roimhe ann ar 26 Deireadh Fómhair 2016 agus spreag siad oifigigh ón dá dhlínse le teacht ar bhealaí an comhoibriú ar shláinte agus ar leas ainmhithe atá ann faoi láthair a uasmheadú. Bhí na hAirí ag súil le comhoibriú praiticiúil, éifeachtach, leanúnach ar shláinte, ar leas ainmhithe, agus ar rialú galair sa dá dhlínse le sláinte agus leas an bheostoc a choinneáil ar an leibhéal is airde.



## Sláinte Plandaí agus Lotnaidicídí

Nótáil an Chomhairle an dul chun cinn a bhí déanta leis an athbhreithniú a rinne oifigigh ó RTBM agus RTCGT ar an 'Straitéis um Chosc ar Chalara Uile-Éireann', mar fhreagairt ar fhianaise eolaíochta agus faire leanúnach agus nótaíl sí an taighde atá á dhéanamh le stoc plandaí a fhorbairt a mbeidh acmhainn fhulangach acu ar an ghalar Chríonadh Siar Fuinseoige (Chalara).

Nótáil na hAirí gealltanais leanúnach RTBM agus RTCGT comhoibriú a dhéanamh le chéile chun comhchuspóir stádas sláinte maith plandaí a bhaint amach agus a chothabháil ar an oileán agus chuir siad fáilte roimh an chomhoibriú trasteorann leanúnach atá ag plé le sláinte crann agus plandaí agus leis an chur chuige comhroinnte leanúnach i dtaca le rialú, mar a bhí feicthe sa chomhchur chuige maidir le bainistíocht riosca Leamhan Mórshiúil Dárach. Chuir an Chomhairle fáilte fosta roimh an chomhchur chuige maidir le cumas eolaíochta agus diagnóiseach a roinnt agus i rialú úsáid lotnaidicídí.

## **Sábháilteacht Feirme**

Chuir an Chomhairle fáilte roimh an chomhoibriú leanúnach idir an dá Rialtas agus roimh an obair leanúnach le sábháilteacht feirme a fheabhsú, eisiúint comhphreasráiteas Thuaidh Theas le heolas ar shábháilteacht bia a mhéadú sa dá dhlínse agus eolas a roinnt i dtaca le 'On Feirm Ground' agus clár COST Action ar Shábháilteacht Feirme arna mhaoiniú ag an AE san áireamh. D'fháiltigh na hAirí roimh roinnt an cheathrú Plean Gníomhaíochta ó Pháirtíocht Sábháilteachta Feirme TÉ agus roimh roinnt na dtorthaí taighde coimisiúnaithe ar shábháilteacht feirme.

## **Forbairt Tuaithe**

Nótáil an Chomhairle an obair atá ag dul ar aghaidh sa dá dhlínse le beartas tuaithe a fhorbairt agus an gealltanais láidir chun cur leis an eolas agus an dea-chleachtas ar bheartas forbartha tuaithe a roinnt. Nótáil na hAirí an dul chun cinn maith a bhí déanta sa dá dhlínse maidir le cur i bhfeidhm ghné LEADER den Chlár Forbartha Tuaithe, faoi réimsí comhoibrithe ina measc. Nótáil an Chomhairle fosta an dul chun cinn iontach maidir le pacáiste tacaíochta forbartha tuaithe chomhdhéanta a fhorbairt agus leis seo chur isteach sa chlár trasteorann nua PEACE PLUS.

## **An tEolas is Déanaí ar Mhaoiniú an AE**

Chuir an Chomhairle fáilte roimh an chomhoibriú mhaith leanúnach idir RTCGT agus RTBM a bhfuil aidhm aige tarraingt anuas mhaoiniú an AE faoi Horizon 2020 a uasmhéadú. D'fháiltigh na hAirí roimh an €102m a d'éirigh le hiarratais rathúla ón dá dhlínse a fháil go dtí seo do na hearnálacha Talmhaíochta, Foraoiseachta, Bia agus Mara móide don bhithgheilleagar agus nótaíl sí an dul chun cinn a bhí déanta le tionscadail, sa dá dhlínse, a mhaoiniú, faoi Éileamh Iomaíoch Náisiúnta RTBM agus na téamaí taighde talmhaíochta faoi Pháirtíocht T&F na SA-na hÉireann.

## OIDEACHAS

Reáchtáladh cruinniú Oideachais na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas trí fhíschomhdháil ar 6 Samhain 2020 in oifigí Chomhrúnaíocht CATT in Ard Mhacha. D'fhreastail Norma Foley TD, Aire Oideachais, Peter Weir, CTR, Aire Oideachais TÉ, agus Carál Ní Chuilín CTR, Aire Pobal ar an chruinniú.

### Impleachtaí Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an AE

Nótáil an Chomhairle an measúnú ar na impleachtaí féideartha don earnáil oideachais a thiocthadh chun cinn ón Ríocht Aontaithe ag tarraingt siar as an AE agus d'fháiltigh sí roimh na gealltanais go ndéanfaí gach beart riachtanach le cinntiú go gcosnófaí cearta agus pribhléidí an Chomhlímistéir Taistil (CLT) chomhaontaithe. D'fháiltigh na hAíreí fosta roimh na gealltanais a bhí déanta maidir le clár PEACE PLUS sa todhchái agus roimh an obair atá ar siúl leis an chlár a fhorbairt agus d'athdhearbhaigh siad a gcoimítmint don chomhoibriú leanúnach ar cheisteanna oideachais i ndiaidh don idirthrímhse críochnú.

### An Fhreagairt ar Covid-19

Chuir na hAíreí fáilte roimh thiomantas na bhfoirne múinteoireachta go léir sa dá dhlínse cianfhoghlaim a sholáthar dá ndaltaí. Nótáil siad tábhacht agus comhthéacs athoscailt rathúil na scoileanna uilig, croíchuspóir beartais sa dá dhlínse, de réir na bprótacal sláinteachais agus sábháilteachta poiblí.



Nótáil an Chomhairle an bhuairt níba mhó a bhí ar na hAíreí Oideachais faoi dhaltaí a bhfuil riachtanais foghlama choimpléascacha agus bhreise acu agus d'aithin sí iarrachtaí na bhfoirne múinteoireachta agus na bhfoirne tacaíochta tábhachtacha eile caidrimh agus naisc na mac léinn leis na scoileanna a choinneáil. Chuir an Chomhairle

a buíochas in iúl do na foirne uilig a chuir oideachas ar fáil sna hamanna eisceachtúla seo.

Leanfaidh na hAirí Oideachais, agus a n-oifigigh ar aghaidh eolas a roinnt agus réamhfhógra a thabhairt faoi na príomhchinntí más féidir. Tionólfaidh na hAirí cruinniú le hoifigigh shinsearacha Roinne mar aon le gníomhaireachtaí/comhlachtaí a bhfuil freagracht acu as réimsí tacaíochta tábhachtacha, agus tuairisceofar na torthaí ag an chéad chruinniú CATT eile san eanáil seo.

### **Athbhreithniú ar an Chlár Oibre**

Cuireadh fáilte roimh an ghealltanais athbhreithniú a dhéanamh ar an chlár oibre agus roimh an phlean le moltaí ar an chlár oibre amach anseo a dhéanamh ag cruinniú d'oifigigh shinsearacha ó na ranna ábhartha a thionólfar sa todhchaí.

### **An tEolas is Déanaí ar Mhaoiniú an AE**

Nótáil na hAirí an éifeacht a bhí ag Covid-19 ar na comhthionscadail oideachais maoinithe ag PEACE IV agus go raibh úsáid na dteicneolaíochtaí ar líne le cuspóirí an oideachais chomhroinnte a chur chun cinn á plé.

Nótáil an Chomhairle an ardleibhéal rannpháirtíochta a bhí ar siúl idir na Ranna ar PEACE PLUS, ar na dréachtmholtaí do PEACE PLUS maidir le téama na hÓige agus ar an acmhainneacht do mholtaí uailmhianacha agus nuálaíochta faoi PEACE PLUS le meas agus tuiscint a chur chun cinn ar bhonn trasteorann agus trasphobail.

### **Tearcghnóthachtáil Oideachais**

Nótáil CATT 'na ceachtanna foghlamtha' agus na moltaí ón Tuarascáil Mheastóireachta Dheireanach ar Thionscadal Rannpháirtíochta Chleachtóirí Tearcghnóthachtála Thuaidh-Theas, a d'fhoilsigh Co-operation Ireland i mí Iúil 2017.

Nótáil na hAirí gur cheap Aire Oideachais Thuaisceart Éireann Sain-Phainéal, faoi Ré Nua, Cur Chuige Nua, le hiniúchadh a dhéanamh ar na naisc idir tearcghnóthachtáil oideachasúil leanúnach agus cúlra socheacnamaíochta. Cuireadh taighde ar chlár Chomhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sholáthar (CDSS) faoi bhráid an Phainéil. Cuirfear Tuarascáil Idirthréimhseach agus dréachtPhlean Gníomhaíochta ar fáil faoi 31 Márta 2021 agus Plean Gníomhaíochta Deireanach ar fáil faoi 31 Bealtaine 2021.

### **Sainriachtanais Oideachais**

Chuir na hAirí fáilte roimh an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an dá Roinn Oideachais agus ag Ionad Choillidh Chanannáin um Uathachas (ICU) le soláthar réimse seirbhísí an Ionaid a éascú agus a chothabháil. D'fháiltigh an Chomhairle roimh iarrachtaí bhainistíocht agus fhoireann ICU leanstan ar aghaidh ag feidhmiú go fóill agus roimh ghnéithe dá gcuid seirbhísí a sholáthar go leanúnach trí thréimhse srianta Covid-19. Nótáladh an plean soláthair molta don Ionad.

Nótáil an Chomhairle chomh maith go raibh ICU ag smaoineamh ar impleachtaí féideartha tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an AE agus ar na forbairtí ba dhéanaí maidir le cláir Sainriachtanais Oideachais a sholáthar sa dá dhlínse.



## **Malartuithe Scoileanna, na nÓg agus Múinteoirí**

Nótáil an Chomhairle na malartuithe Thuaidh-Theas i réimse chleachtais na hoibre óige agus gníomhaíochtaí leanúnacha an Choiste Caighdeán Oideachais agus Traenála Thuaidh Theas um Obair Óige.

## **Cáilíochtaí Múinteoireachta**

Nótáil CATT na nósanna imeachta atá á n-iniúchadh le haitheantas cómhalartach ar cháilíochtaí múinteoireachta a éascú i gcomhthéacs tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an AE. Nótáil sí fosta an t-eolas is déanaí ar chomhaontú idir Institiúid Oideachais Marino, Baile Átha Cliath agus Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste maidir leis An Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (SCG) a chur ar fáil.

Cuireadh in iúl don Chomhairle gur réachtáladh an 18ú Comhdháil Bhliantúil ar Oideachas Múinteoirí Thuaidh agus Theas ar 21 Deireadh Fómhair 2020, agus í ag plé 'Oideachas Múinteoirí i dTráth Covid'.

## **Comhoibriú idir na Cigireachtaí Oideachais**

Chuir na hAirí fáilte roimh chomhoibriú leanúnach na gCigireachtaí Oideachais a chlúdaigh: acmhainní don Chigireacht Oideachais agus Traenála le go ndéanfadh siad cigireacht ar oideachas lánGhaeilge, clár malartuithe cigireachta agus an comhoibriú ar chigireachtaí a leanstan; an tacaíocht chomhoibritheach atá ann le measúnuithe neamhspleácha a dhéanamh ar thionscadail; agus an comhoibriú idir bainistíocht an dá chigireacht.

## COMHSHAOL

Reáchtáladh cruinniú Comhshaoil na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas ar 21 Deireadh Fómhair 2020 in oifigí Chomhrúnaíocht CATT, Ard Mhacha agus trí fhíschomhdháil. D'fhreastail Edwin Poots CTR, Aire Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe, Declan Kearney CTR, Aire Sóisearach, Oifig an Fheidhmeannais, Eamon Ryan TD, Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus Darragh O'Brien TD, Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar an chruinniú.



### **Impleachtaí Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an AE**

Nótáil an Chomhairle an obair atá á déanamh le hullmhú do dheireadh na hidirthréimhse agus an gá do chomhoibriú leanúnach i gcúrsaí comhshaoil, iad sin a bhfuil gné trasteorann acu san áireamh. Chomhaontaigh na hAirí comhoibriú a dhéanamh ar cheisteanna comhshaoil go fóill sna míonna atá le teacht mar d'aithin siad go mbeadh sé ar mhaithe leis an dá dhlínse comhoibriú le chéile leis an chur isteach ar thrádáil agus ar ghníomhaíocht gheilleagrach ar an oileán a íoslaghdú.

### **An tEolas is Déanaí ar Mhaoiniú an AE**

Chuir na hAirí fáilte roimh an chomhoibriú leanúnach ar, agus an tarraingt anuas do, na príomhfhoinsí de Mhaoiniú an AE san Earnáil Comhshaoil – INTERREG VA, LIFE agus Horizon 2020.

Faoi Chuspóir Comhshaoil INTERREG VA, bronnadh maoiniú de c. €89 milliún ar naoi dtionscadal trasteorann i dtréimhse chlár 2014-2020. Tá comhoibriú ar siúl go fóill airgid an AE atá ar fáil a tharraingt anuas a mhéad agus is féidir agus leis na clár a chur i bhfeidhm de réir mar a comhaontaíodh. Nótáladh an gealltanais le INTERREG VA a mhaoiniú i ndiaidh don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an AE, rud a ligfidh do na tionscadail leanstan ar aghaidh go dtí go mbeidh siad críochnaithe in 2023.

D'éirigh le dhá chomhthogra Thuaidh-Theas maoiniú faoi Horizon 2020 Dúshlán Sochaíoch 5 (DS5) a tharraingt anuas. Bhain siad seo le cóireáil díleá anaerobaigh uiscí fuíll nirt ísil ar theocht íseal agus le fótaionradaíocht agus nuálaíochtaí nua asúcháin do chóireáil dramhaíola.

Baineadh na tairbhí do chomhthosaíochtaí comhshaoil amach ó roinnt bheag tionscadal LIFE trí chomhoibriú leanúnach idir ranna, gníomhaireachtaí rialtais agus a bpáirtíochtaí ag oibriú sa dá dhlínse.

Nótáladh an fhéidearthacht le tógáil ar rath thionscadail INTERREG trí rochtain ar chlár nua PEACE PLUS 2021-2027 agus ar a chuspóir beartais comhshaoil le hEoraip níos glaise, ar bheagán carbóin a bhaint amach.

Nótáladh an comhoibriú leanúnach idir oifigigh sa dá dhlínse agus gur cuireadh isteach comhstaidpháipéir a dhíríonn ar réimse réiteach iomlánaíoch aeir ghlain, abhantraí uisce agus dúlrabhunaithe le tabhairt faoi bhrúnna sa todhchaí ó athrú aeráide, le tacú le téarnamh geilleagrach inbhuanaithe agus leis an chomhshaoil a chosaint, rudaí a thabharfaidh eolas do na téamaí PEACE PLUS atá ag teacht chun cinn.

### **Athbhreithniú ar Thosaíochtaí agus ar an Chlár Oibre**

Chomhaontaigh an Chomhairle ar chlár oibre a uasdátú don earnáil. Coinneofar an clár oibre faoi athbhreithniú ag cruinnithe earnála comhshaoil CATT sa todhchaí, ag tabhairt airde faoi leith mar is cuí ar chúrsaí a thiocfaidh chun cinn ó tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an AE. Chomhaontaigh na hAirí gur chóir go ndéanfaí machnamh ar dheiseanna le haghaidh comhoibrithe ar cheisteanna comhshaoil níba leithne laistigh den chlár oibre.

### **Bainistíocht Dramhaíola Trasteorann**

Comhoibríonn an bheirt Airí Comhshaoil le chéile fós agus díríonn siad acmhainní ar chomhghníomhaíocht a dhéanamh in éadan na ndaoine sin atá páirteach i ngníomhaíochtaí dramhaíola mídhleathaí, malartú faisnéise agus eolais faoi cheantair thríoblóideacha agus comhchigireachtaí comhordaithe a dhéanamh go fóill san áireamh.

### **Bainistíocht Dramhaíola**

Phléigh na hAirí iarrachtaí an dá Rialtas méid agus caighdeán na hathchúrsála a mhéadú, chomh maith le foilsiú Beartas Dramhaíola Náisiúnta na hÉireann 2020-2025 'Plean Gníomhaíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach' ar 4 Meán Fómhair 2020, agus foilsiú Chlár Thuaisceart Éireann nua um Chosc ar Dhramhaíl 'Ag Stopadh Dramhaíola Láithreach' mar aon leis na gníomhaíochtaí agus an rath bainteach san áireamh.

Nótáil siad fosta an obair leanúnach atá ag dul ar aghaidh le tabhairt faoi thruailliú plaisteach agus rath scéimeanna Fhreagracht Bhreise Tháirgeoirí (FBT) in Éirinn agus na deiseanna don dá Rialtas samplaí de dhea-chleachtas sa réimse seo a roinnt.

## **Cosaint, Tuairisciú agus Taighde Comhshaoil**

Chuir CATT fáilte roimh an obair atá á déanamh sa dá dhlínse le straitéis aeir ghlain a chur chun cinn agus roimh an chomhoibriú idir oifigigh atá ag obair le chéile chun deiseanna taighde trasteorann a aithint agus moltaí a fhorbairt.

## **Caighdeán Uisce**

Nótáil na hAirí gur foilsíodh an dara dreas de Phlean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn in Aibreán 2018 agus d'fháiltigh siad roimh an obair atá ag dul ar aghaidh faoi láthair an tríú dreas de na Pleananna Bainistíochta Abhantraí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann a ullmhú.

Nótáil siad gur dhún an comhairliúchán poiblí ar 'Na Ceisteanna Móra Bainistíochta Uisce (CMBU)' ar 22 Meitheamh 2020 i dTuaisceart Éireann agus ar 7 Lúnasa 2020 in Éirinn. D'aithin siad an tacaíocht leanúnach do na hlontaobhais Aibhneacha i gceantair trasteorann agus d'fháiltigh siad roimh leibhéal na nduaiseanna trá sa dá dhlínse don bhliain 2020 agus roimh an chomhordú leanúnach ar na Scéimeanna Cósta Ghlain agus Cúraim Chósta.

D'aithin na hAirí rannpháirtíocht an dá Rialtas in obair an Ghrúpa Chomhairligh um Limistéir Cosanta Mara. Nótáil siad fosta an rannpháirtíocht leanúnach idir an Roinn Bonneagair, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacha, Uisce Éireann agus Uisce Thuaisceart Éireann ar dheiseanna a fháil le haghaidh comhoibrithe a iniúchadh, iarratais le maoiniú a fháil faoi chlár nua an AE, PEACE PLUS san áireamh.

## SLÁINTE

Reáchtáladh cruinniú Sláinte na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas ar 2 Deireadh Fómhair 2020 in oifigí Chomhrúnaíocht CATT, Ard Mhacha agus trí fhíschomhdháil. D'fhreastail Stephen Donnelly TD, Aire Sláinte, Robin Swann CTR, Aire Sláinte TÉ, agus Declan Kearney CTR, Aire Sóisearach, Oifig an Fheidhmeannais, ar an chruinniú.

### An Fhreagairt ar Covid-19

D'athghabh an Chomhairle a buíochas leo uilig a bhí páirteach sa fhreagairt ar phaindéim Covid-19, go háirithe na hoibrithe sláinte agus cúraim shóisialta a bhí sa líne tosaigh den fhreagairt uirthi, agus d'fháiltigh sí gur baineadh amach comhinoibritheacht Aipeanna Gaireachta Covid-19 ar baineadh feidhm astu i ngach dlínse ar bhonn uile-oileáin.



*Aire Swann agus Aire Donnelly ag an chruinniú Iomlánach i mí Iúil  
ag seiceáil Aipeanna Gaireachta Covid-19*

Chuir na hAirí fáilte roimh an chomhoibriú dlúth agus fiúntach a bhí ann idir na hAirí Sláinte, na Príomh-Oifigigh Leighis agus na húdaráis sláinte, le freagairt éifeachtach sláinte poiblí a thabhairt.

Nótáil an Chomhairle gur lean an dá Rialtas bualadh le chéile go rialta leis an fhreagairt leanúnach ar Covid-19 a phlé, ó bhí cruinniú idir ionadaithe sinsearach Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann, a bPríomh-Oifigigh Leighis faoi seach san áireamh, in Ard Mhacha ar 14 Márta le hathbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí maidir le paindéim Covid-19. Comhaontaíodh Meabhrán Tuisceana ar Chomhoibriú Sláinte Poiblí mar fhreagairt ar Covid-19 ar 7 Aibreán.

Nótáil an Chomhairle go mbeadh na hAirí Sláinte ag bualadh le chéile go fóill, taobh istigh de CATT agus taobh amuigh de struchtúir na Comhairle, leis an fhreagairt ar an phaindéim a phlé.

### **Impleachtaí Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an AE**

Phléigh na hAirí impleachtaí tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an AE agus nótaíl siad an t-eolas is déanaí ar an cheist.

### **Athbhreithniú ar an Chlár Oibre**

Chuir na hAirí fáilte roimh an dul chun cinn a bhí déanta go dtí seo sna réimsí ábhartha den chlár oibre agus nótaíl siad go ndéanfaí machnamh ar pháipéar uasdátaithe ar an athbhreithniú ar an chlár oibre, machnamh ar an chlár oibre um Chosaint Leanaí san áireamh, ag cruinniú earnála sláinte sa todhchaí.

### **An tEolas is Déanaí ar Chomhoibriú san earnáil Sláinte ó 2016**

Tá an chéad chlár oibre déanta go rathúil ag an Líonra Uile-Oileáin um Ghalar Croí ón Bhroinn agus leanfaidh sé ar aghaidh leis an chéad chéim eile, an pháirtíocht acadúil a bhunú agus an clár taighde a chur chun cinn.

Chomhaontaigh Otharlann Beaumont i mBaile Átha Cliath agus Iontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta Bhéal Feirste Meabhrán Tuisceana maidir le seirbhís trasphlandú duáin mhalartán deontóirí beo Thuaidh-Theas.

Nótáladh rath leanúnach Ionad Ailse an Iarthuaiscirt seirbhísí radaiteiripe a sholáthar do réigiún iomlán an Iarthuaiscirt.

Nótáil an Chomhairle go raibh othair le hionfharchtadh míochairdiach ST-ardaithe (IMSTA) ó Thír Chonail á n-aistriú fós go hOtharlann Allt Mhic Dhuibhleacháin do chóireáil Idirghabháil Chorónach Thréchraicneach Phríomhúil (ICTp).

Tá rún ag an dá dhlínse deiseanna an chláir mhaoinithe struchtúir trasteorann nua (PEACE PLUS), atá á fhorbairt go fóill, a uasmhéadú.

Nótáil an Chomhairle an Meabhrán Tuisceana uasdátaithe i bhfeidhm idir na seirbhísí otharchairr le cuidiú trasteorann a sholáthar i mbainistiú agus in acmhainní a chur ar fáil do ghlaonna éigeandála agus práinneacha agus do phríomhtheagmhais fhógartha.

Tá páirtíocht sláinte agus cúraim shóisialta trasteorann Chomhoibriú agus Ag Obair Le Chéile (CAOC) ag baint tairbhe as maoiniú an AE fós le tacú le soláthar seirbhíse trasteorann agus tá sé ar thosach cheithre ghné sláinte faoi láthair maoinithe ag INTERREG VA.

Lean an Grúpa Comhairleach ar Bheartas Alcóil Thuaidh/Theas, a bunaíodh le cuidiú leis an dochar a bhaineann le halcól ar oileán na hÉireann a laghdú, ar aghaidh bualadh le chéile go fóill.

Nótáladh an t-eolas is déanaí ar na tionscnaimh chaitheamh tobac sa dá dhlínse, Tobacco Free Ireland, toitíní leictreonacha agus cosc a chur ar chaitheamh tobac i ngluaisteáin san áireamh.

I mí Feabhra 2020, d'fhoilsigh an Roinn Sláinte (TÉ) athbhreithniú lártearma ar a straitéis rialaithe tobac. Chuidigh an Institiúid Sláinte Poiblí in Éirinn le forbairt na straitéise.

Tá dul chun cinn déanta ar na tograí taighde éagsúla faoin Phlean Gníomhaíochta Fisicí ar bhonn uile-oileáin, ina measc Comhar Gníomhaíochta Fisicí na hÉireann (CGFÉ), agus an Staidéar ar Rannpháirteachas Spóirt agus Gníomhaíochta Fisicí Leanaí, a bhfuil Spóirt Éireann agus Spóirt Thuaisceart Éireann i gceannas air.

Is príomhthosaíocht é féinmharú a chosc sa dá dhlínse fós agus tá straitéis um Fhéinmharú a Chosc Protect Life 2 na Roinne Sláinte (TÉ) á cur i bhfeidhm agus struchtúir nua á mbunú le dul chun cinn a spreagadh.

Forbraíodh Meabhrán Tuisceana idir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Clár na Freagartha Síceasóisialta ar Covid-19 agus Grúpa Oibre Straitéiseach Meabhair-Shláinte agus Teacht Aniar na Roinne Sláinte (TÉ) le comhoibriú agus dul i gcomhar le chéile ar an fhreagairt shíceasóisialta ar phaindéim Covid-19.

### **Cosaint Leanaí**

Nótáil an Chomhairle gur lean an Grúpa Stiúrtha trasteorann d'oifigigh, a bhfuil an Roinn Sláinte (TÉ) agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais. Lánpháirtíochta agus Óige ina gcomhchathaoirligh air, ar aghaidh bualadh le chéile le cur chuige comhordaithe ar cheisteanna um chosaint leanaí a chur chun cinn.

Fuair an Chomhairle an t-eolas is déanaí chomh maith maidir leis an phrótacal idir Tuaisceart Éireann agus Éirinn a phléann le cásanna leanaí idirdhlínse, agus nótaladh go gcuirfí prótacal uasdátaithe i láthair ag cruinniú de CATT sa todhcháí.

## TURASÓIREACHT

Reáchtáladh cruinniú Turasóireachta na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas ar 25 Samhain 2020 in oifigí Chomhrúnaíocht CATT, Ard Mhacha agus trí fhíschomhdháil. D'fhreastail Catherine Martin TD, Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Diane Dodds CTR, Aire Geilleagair, agus Conor Murphy CTR, Aire Airgeadais, ar an chruinniú.



*Aire Catherine Martin agus Aire Diane Dodds ag cur turasóireachta chun cinn in 2020*

### An Fhreagairt ar Covid-19

Phléigh na hAirí an dóigh a raibh an ghéarchéim ba mhó ag an tionscal taistil agus turasóireachta go dtí seo, ar oileán na hÉireann agus ar fud an domhain araon, ó tháinig an phaindéim chun cinn i mí Márta 2020. Mar fhreagairt ar na dúshlán seo, bunaíodh tascfhórsaí sa dá dhlínse agus bhí Turasóireacht Éireann ag forbairt a Creatlaí Pleanála Téarnaimh Covid-19 – Atosaigh, Athfhorbairt, Athdhear – chun tacú leis an téarnamh turasóireachta nuair a bheadh feabhas ar chúrsaí. Nótáil an Chomhairle na hiarrachtaí a rinneadh le déileáil le héifeachtaí phaindéim Covid-19 ar an Earnáil Turasóireachta agus d'aithin sí tábhacht an chomhoibrithe leanúnaigh ar fud an dá dhlínse le tabhairt faoi éifeacht Covid-19 agus an earnáil ag téarnamh.

### Impleachtaí Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an AE

Nótáil na hAirí an ghníomhaíocht a bhí déanta ag Turasóireacht Éireann le hullmhú do tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an AE agus nótaíl siad go leanfadh an Roinn Geilleagair agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar aghaidh ag tacú le Turasóireacht Éireann maidir leis seo.

### Tuarascáil Thurasóireacht Éireann ar Dhul Chun Cinn

Fuair an Chomhairle tuarascáil ó Joan O'Shaughnessy, Cathaoirleach Thurasóireacht Éireann ar obair an bhoird ó bhí cruinniú deireanach Turasóireachta CATT ann. Sa tuarascáil seo bhí forbairt, faomhadh agus monatóireacht déanta ar na pleananna gnó do 2017, 2018, 2019 agus 2020 agus na pleananna corparáideacha 2017–2019 agus 2020–2022. Thug Príomhfheidhmeannach Thurasóireacht Éireann, Niall Gibbons, achoimre ar na príomhéachtaí agus ar an dul chun cinn a bhí déanta le haidhmeanna comhlíonta Thurasóireacht Éireann ó 2016 go Feabhra 2020 a fhíorú móide ar an obair a dhéanfaí níba mhoille sa bhliain.



Idir 2016 agus 2019, b'iomáí duais agus ardmholadh a fuair oileán na hÉireann agus Turasóireacht Éireann agus lean líon na gcuairteoirí ag méadú go dtí gur tharla ráig agus scaipeadh Covid-19.

Nótáil na hAirí an dul chun cinn a bhí déanta le haidhmeanna comhlíonta Thurasóireacht Éireann ó 2016 go Feabhra 2020 a fhíorú agus gníomhaíocht Thurasóireacht Éireann i rith phaindéim Covid-19 ó mhí Mhárta 2020. Nótáil CATT an dul chun cinn a bhí déanta le Creatlach Pleanála Téarnaimh Covid-19 – Atosaigh, Athfhorbairt, Athdhear a fhorbairt – a thacódh le téarnamh an tionscail thurasóireachta ó éifeacht uafásach na paindéime.

### **Cúrsaí Rialachais Chorporáidigh**

Phléigh na hAirí na cúrsaí rialachais chorporáidigh éagsúla a raibh aird na Comhairle de dhíth orthu agus d'fhaomh siad Pleananna Gnó agus Buiséid/Deontais Thurasóireacht Éireann 2017, 2018 agus 2019, agus Plean Corparáideach Thurasóireacht Éireann 2017-2019, a bhí comhaontaithe ag na Ranna Urraithe agus ag na hAirí Airgeadais. Nótáil an Chomhairle go raibh Plean Gnó Thurasóireacht Éireann do 2020, ina measc an soláthar buiséid/deontais, críochnaithe agus curtha chuig na Ranna Urraithe agus cuirfear faoina bráid é dá faomhadh ag cruinniú CATT sa toadhchá. Nótáil CATT fosta gur ullmhaigh Turasóireacht Éireann aguisín do Phlean Gnó 2020 lena chuid oibre a threorú de bharr phaindéim Covid-19. Nótáil na hAirí gur faomhadh Plean Corparáideach 2020-22 Thurasóireacht Éireann ag leibhéal boird ach bhí athbhreithniú á dhéanamh air de bharr phaindéim Covid-19 agus cuirfear plean leasaithe faoi bhráid CATT dá faomhadh ag cruinniú di amach anseo.

Nótáil an Chomhairle na Tuarascálacha agus Cuntais Bhliantúla do na blianta 2015, 2016, 2017 agus 2018 a bhí curtha faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann agus an dá Theach den Oireachtas.

Nótáil na hAirí gur fhaomh Bord Thurasóireacht Éireann go dtabharfaí Cumhacht Ginearálta Aturnae mar bheart sa ghearrthearma i mí na Nollag 2019 go dtí go gceapfadh CATT tuilleadh Stiúrthóirí ar an Bhord agus go mbeadh an Cumhacht Aturnae seo i bhfeidhm go dtí an cruinniú Boird ar 25 Márta 2020. Rinneadh roinnt ceapachán ar Bhord Thurasóireacht Éireann ag cruinnithe insititídeacha agus iomlánacha den Chomhairle a réachtáladh i mí Mhárta agus i mí Iúil 2020.

### **Ceisteanna Foirne agus Eagraíochtúla**

Nótáil an Chomhairle go leanfaí le ceapachán Phríomhfheidmeannach Thurasóireacht Éireann agus nótaíl sí fosta na forbairtí déanacha maidir le líon foirne Thurasóireacht Éireann agus go ndéanfadh oifigigh plé orthu seo agus go dtabharfadh siad tuairisc orthu ag cruinniú sa toadhchá.

### **Athbhreithniú ar an Chlár Oibre**

Chomhaontaigh CATT go ndéanfadh oifigigh ón Roinn Geilleagair agus ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, athbhreithniú ar an chlár oibre atá ann faoi láthair in Earnáil Turasóireachta CATT agus go dtuairisceodh siad ar ais faoi na tosaíochtaí a aithníodh sa chéad chruinniú eile den Chomhairle san earnáil seo.

## IOMPAR

Reáchtáladh cruinniú Iompair na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas ar 7 Deireadh Fómhair 2020 in oifigí Chomhrúnaíocht CATT, Ard Mhacha agus trí fhíschomhdháil. D'fhreastail Nichola Mallon CTR, Aire Bonneagair, Gordon Lyons CTR, Aire Sóisearach, Oifig an Fheidhmeannais, agus Eamon Ryan TD, Aire Iompair, ar an chruinniú.



*Cuireann Aire Eamon Ryan agus Aire Nichola Mallon rothaíocht chun cinn ag an chruinniú Iomlánach i mí Iúil*

## An Fhreagairt ar Covid-19

Phléigh na hAirí an plé agus an chumarsáid leanúnach maidir le seirbhísí, oibríochtaí agus prótacail iompair sa fhreagairt ar phaindéim Covid-19. Chomhaontaigh an Chomhairle go leanfadh na hAirí agus a n-oifigigh ar aghaidh comhoibriú agus cumarsáid a dhéanamh le chéile ar éifeacht na paindéime ar fheidhmithe iompair.

## Impleachtaí Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an AE

Nótáil an Chomhairle an obair a rinneadh le hullmhú do dheireadh na hidirthréimhse agus na himpleachtaí a thiocthadh chun cinn de dheasca na Ríochta Aontaithe ag tarraingt siar, ó thaobh Thuaidh/Theas de, agus chomhaontaigh sí gur chóir go leanfadh an comhoibriú ar cheisteanna iompair ar aghaidh fós sna míonna atá le teacht.

## An tEolas is Déanaí ar Mhaoiniú an AE

Lean an comhoibriú idir an Roinn Bonneagair agus an Roinn Iompair ar aghaidh ar chúrsaí a bhain le maoiniú an AE, ina measc an fhéidearthacht go gcaillfí deiseanna maoinithe do Thuaisceart Éireann faoi Chlár Iompair Connecting Europe Facility, a

tháinig chun cinn de dheasca na Ríochta Aontaithe ag tarraingt siar as an AE. Aithníodh na deiseanna féideartha a thioctadh chun cinn taobh istigh de chlár nua PEACE PLUS (2021-2027) mar thábhachtach don earnáil seo.

## **Gealltanais Ré Nua, Cur Chuige Nua**

Bhí caibidlí ann ar na gealltanais éagsúla achoimrithe i gcáipéis agus in iarscríbhinní bainteacha Ré Nua, Cur Chuige Nua, go háirithe i réimse na hinfheistíochta bonneagair.

Thug an dá Rialtas a gcomhchoimtmint fós do scéim Chonair Iompair an Iarthuaiscirt A5 mar chuid de Ré Nua, Cur Chuige Nua agus d'athdhearbhaigh Rialtas na hÉireann a choimtmint £75m don tionscadal. I ndiaidh Fiosrúcháin Phoiblí ar an scéim go luath in 2020, fuair an Roinn Bonneagair Tuarascáil Idirthréimhse ón Choimisinéir ar 2 Meán Fómhair agus i ndiaidh machnamh a dhéanamh uirthi, déanfaidh an tAire Bonneagair cinneadh ar na chéad chéimeanna eile molta don scéim.

Maidir le ceist na nascachta iarnróid ardluais, nótáil na hAirí go ndéanfaidh an Roinn Iompair agus an Roinn Bonneagair tuilleadh forbartha ar na dréacht-théarmaí tagartha do staidéar molta ar luasanna iarnróid le cinntiú go mbeadh go leor tuisceana sna téarmaí tagartha ar an ghá d'fhorbairt réigiúnach chothrom, go háirithe maidir leis an nascacht leis an Iarthuaisceart.

Nótáladh na gealltanais achoimrithe in Ré Nua, Cur Chuige Nua maidir le Droichead an Chaoil Uisce. Déanfaidh na Ranna machnamh ar na chéad chéimeanna eile leis an scéim a chur chun cinn.

Cuirfidh an Roinn Iompair, ag comhoibriú leis an Roinn Geilleagair agus Roinn Iompair na Ríochta Aontaithe, athbhreithniú le tacaíocht fhéideartha Rialtais d'aersheirbhísí athnuaite idir Béal Feirste/Corcaigh agus Cathair Dhoire/Baile Átha Cliath a iniúchadh, chun cinn.

Nótáil an Chomhairle fosta an obair leanúnach i dtaca le glasbhealaí trasteorann.

## **Athbhreithniú ar an Chlár Oibre**

Nótáil na hAirí go ndeachaigh an clár oibre iompair reatha siar go 1999 agus chomhaontaigh siad go mbeadh sé úsáideach athbhreithniú a dhéanamh air le cinntiú go gcuirfeadh an clár oibre na forbairtí san obair a bhí déanta cheana féin ar fud an domhain agus go háitiúil, agus na ceachtanna a bhí foghlamtha ón obair sin san áireamh. Dréachtfaidh an Roinn Iompair agus an Roinn Bonneagair, i gcomhar leis an Chomhrúnaíocht, clár oibre uasdátaithe don Chomhairle le go ndéanfaidh sí machnamh air.

## **DOBHARSHAOTHRÚ AGUS CÚRSAÍ MARA**

Reáchtáladh cruinniú Dhobharshaothrú agus Cúrsaí Mara na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas ar 21 Deireadh Fómhair 2020 in oifigí Chomhrúnaíocht CATT, Ard Mhacha agus trí fhíschomhdháil. D'fhreastail Eamon Ryan TD, Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Edwin Poots, CTR, Aire Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe, agus Nichola Mallon CTR, Aire Bonneagair, ar an chruinniú.

Fuair an Chomhairle an t-eolas is déanaí ar an dul chun cinn a bhí déanta san earnáil seo ó bhí an chéad chruinniú roimhe ann in 2016.

### **Tuarascáil Ghníomhaireacht na Lochanna ar Dhul Chun Cinn**

Chuir na hAirí fáilte roimh thuarascáil ar dhul chun cinn ó Oifigeach Ceaptha Ghníomhaireacht na Lochanna, Sharon McMahon. Chuir an Chomhairle fáilte roimh an eolas is déanaí ar ghníomhaíochtaí Ghníomhaireacht na Lochanna, na hiarrachtaí caomhnaithe agus cosanta leanúnacha san áireamh. Nótáil an Chomhairle fosta freagairt na Gníomhaireachta ar Covid-19 ach go háirithe, Treoir Straitéiseach na Gníomhaireachta do na Deich mBliana Nua 2020-2030, an obair chomhoibritheach le roinnt tionscadal forbartha caomhnaithe, slatiascaireachta agus turasóireachta mara a chomhlíonadh chomh maith le rath Chlár Ambasadóra Cheantar an Fheabhail agus Cheantar Chairlinn. D'fháiltigh na hAirí roimh infheistíocht leanúnach Ghníomhaireacht na Lochanna ina clár monatóireachta iascach eolaíochta fosta.



*Patról Iascaigh Ghníomhaireacht na Lochanna ar Loch Feabhail*

### **Impleachtaí Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an AE**

Nótáil an Chomhairle go leanfadh Gníomhaireacht na Lochanna, an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe (RTCAGT), agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) comhobair a dhéanamh le chéile chun

machnamh a dhéanamh ar thionchar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an AE agus nótáil sí go gcoinneofaí an cheist seo faoi athbhreithniú ag cruinnithe CATT san earnáil seo sa todhcháí.

### **Ceisteanna Rialachais Chorparáidigh**

D'fhaomh an Chomhairle Pleananna Gnó agus Buiséid/Deontais Gníomhaireacht na Lochanna do 2017, 2018, 2019 agus 2020. D'fhaomh na hAirí Pleananna Corparáideacha 2017-2019 agus 2020-2022 Gníomhaireacht na Lochanna chomh maith.

Nótáil na hAirí Tuarascálacha agus Cuntais Bhliantúla Gníomhaireacht na Lochanna do na blianta, 2017 agus 2018, a bhí curtha faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann agus an dá Theach den Oireachtas.

### **Athnuachan na Creatlaí um Phróiseáil Rialacháin Éigeandála Gníomhaireacht na Lochanna**

D'fhaomh an Chomhairle go leanfaí leis an chreatlach a bhí leagtha amach le tacaíocht a thabhairt do Gníomhaireacht na Lochanna agus í ag déileáil le héigeandálacha amhail teagmhas truailithe tromchúiseach ar feadh tréimhse bliana le héifeacht ó 21 Deireadh Fómhair 2020 agus comhaontaíodh go ndéanfaí athbhreithniú ar fheidhmiú an nós imeachta seo, a athnuachan fhéideartha san áireamh, bunaithe ar thuarascáil ó Gníomhaireacht na Lochanna agus óna Ranna Urraithe níba mhóille in 2021.

### **Próiseas Earcaíochta Príomhfheidhmeannaigh**

Nótáil an Chomhairle go raibh Gníomhaireacht na Lochanna, le tacaíocht ó RTCGT agus RCAC, i mbun próisis earcaíochta iomaíoch do phost Phríomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta. Beidh an próiseas earcaíochta á bhainistiú ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP) mar a comhaontaíodh leis na Ranna Urraithe.

### **Ceapacháin Bhoird**

D'fhaomh an Chomhairle dhá cheapachán ar Bhord Choimisiún an Fheabhail, Chairlín agus Shoilse na hÉireann (FCCSÉ/Gníomhaireacht na Lochanna) ag cruinniú institiúideach a reáchtáladh i mí na Nollag 2020.

## SÁBHÁILTEACHT BIA

Reáchtáladh cruinniú Sábháilteachta Bia na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas ar 2 Deireadh Fómhair 2020 in oifigí Chomhrúnaíocht CATT, Ard Mhacha agus trí fhíschomhdháil. D'fhreastail Stephen Donnelly TD, Aire Sláinte, Robin Swann, CTR, Aire Sláinte (TÉ), agus Declan Kearney CTR, Aire Sóisearach, Oifig an Fheidhmeannais, ar an chruinniú.

### Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn

Thug Príomhfheidhmeannach safefood léargas ar obair safefood agus rinne sé tagairt dá eachtaí agus dá fheachtais ardleibhéil, ina measc feachtais rathúla a bhain le lámha a ní, otracht leanaí chomh maith le sicín agus burgair a chócaráil.

Nótáil an Chomhairle gur fhorbair agus gur dháil safefood acmhainní éagsúla i suíomhanna oideachais, gur fhorbair sé líonraí, ina measc tionscnaimh bia pobail, líonraí eolais, agus an Fóram Gníomhaíochta Uile-Oileáin ar Otracht.



*safefood agus Comhghuaillíocht Ionad Maireachtála Sláintiúla ag seoladh feachtais nua le tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh a nósanna siopadóireachta bia a fheabhsú trí bhéilí cothroma sláintiúla a chur ina dtrálaithe siopadóireachta. Sa ghrianghraf (ó chlé) tá Julie White, Comhghuaillíocht Ionad Maireachtála Sláintiúla; Tony Doherty, Comhghuaillíocht Ionad Maireachtála Sláintiúla agus Andrew Castles, safefood*

Nótáil na hAirí go ndeachaigh safefood i mbun plé le custaiméirí ar na meáin shóisialta agus go raibh sé i mbun taighde ar ailléirginí bia, stádas fóláite i mná, costais saoil na róthroime agus na hotracha i leanaí, méideanna na gcodanna bia, bianna pléisiúir agus éifeacht an athraithe aeráide ar tháirgeacht déiríochta.

Nótáladh an dul chun cinn ar an tionscnamh trípháirteach idir *safefood*, an Gníomhaireacht Sláinte Poiblí agus Gníomhaireacht TÉ um Chaighdeán Bia maidir le leathadh amach na n-íoschaighdeán cothaitheach le haghaidh lónadóireachta d'oibrithe foirne agus do chuariteoirí i suíomhanna sláinte agus cúraim shóisialta.

### **Rialachas Corparáideach**

Nótáil an Chomhairle Tuarascálacha agus Cuntais Bhliantúla *safefood* do na blianta, 2016, 2017 agus 2018, a bhí curtha faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann agus an dá Theach den Oireachtas.

### **Ceapacháin ar Bhord Comhairleach *safefood***

D'fhaomh an Chomhairle ceapacháin na mball ar Bhord Comhairleach *safefood*.

### **Ceapacháin ar Choiste Comhairleach *safefood***

D'fhaomh an Chomhairle ceapacháin na mball ar Choiste Comhairleach *safefood*.

### **Athcheapachán an Phríomhfheidhmeannaigh**

D'fhaomh an Chomhairle athcheapachán Ray Dolan mar Phríomhfheidhmeannach *safefood*.

## UISCEBHEALAÍ INTÍRE

Reáchtáladh cruinniú Uiscebhealaí Intíre na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas ar 11 Samhain 2020 in oifigí Chomhrúnaíocht CATT, Ard Mhacha agus trí fhíschomhdháil. D'fhreastail Darragh O'Brien TD, Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Malcolm Noonan TD, Aire Stáit don Oidhreacht agus don Athchóiriú Toghcháin, Nichola Mallon CTR, Aire Bonneagair, agus Robin Swann, CTR, Aire Sláinte (TÉ), ar an chruinniú.

### An Fhreagairt ar Covid-19

Bhí freagairt Uiscebhealaí Éireann ar Covid-19 tomhaiste. Nótáil na hAirí an méadú i líon na ndaoine ag úsáid cosán tarraingthe agus conairí i rith tréimhse srianta bainteacha Covid-19. Tá Uiscebhealaí Éireann i mbun tionscadail rannpháirteachais úsáideoirí trí Líonra Uiscebhealaí Intíre na hEorpa le níos mó tuisceana ar níos mó úsáide fóillíochta as uiscebhealaí intíre a fháil ó thosaigh paidéim Covid-19, ina measc, an méadú sa tóir ar na huiscebhealaí intíre mar cheann scríbe laethanta saoire don mhargadh intíre.



*Teaghlach ag baint suilt as siúlóid ar Ghlasbhealach na Canála Ríoga*

### Impleachtaí Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an AE

Pléadh ullmhúcháin Uiscebhealaí Éireann do tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an AE i gcomhthéacs a stádais mar Chomhlacht Forfheidhmithe Thuaidh Theas.



## **Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn**

Tugadh léargas ar obair Uiscebhealaí Éireann. Leanadh le bainistiú agus cothabháil na n-uiscebhealaí inar coinníodh 90% díobh oscailte do bháid le seoladh orthu. Dhírigh caiteachas caipitil ar phríomhdheisithe bonneagair, leis an chéad chéim den chora i Míleac a chur ar ais agus a dheisiú móide an obair ar athshlánú Chora an Chairn Rua ar an Bhanna Íochtarach pleanáilte d'Earrach 2021. Tá clár leanúnach ann lamairní nua a shuiteáil in áit na lamairní atá ann faoi láthair i roinnt áiteanna agus geataí loic nua a shuiteáil in ionad na gceann eile ar feadh na n-uiscebhealaí. Bhí síneadh ar an bhonneagar ag Conair Ghormbhealach na Sionainne agus bhí pleananna ann le Gormbhealach na Bearú a fhorbairt.

Nótáladh gur cuireadh crích le hathchóiriú Chanáil Uladh ó Loch Éirne Uachtarach go Caisleán Shandarsan agus gur cuireadh tús le hobair athchóirithe ar an chuid de Chanáil Uladh a shíníonn ó Chluain Eois go Cluain Fada. Nótáladh an dul chun cinn leanúnach ar Ghlasbhealach Chanáil Uladh chomh maith.

Bhain Uiscebhealaí Éireann “Duais Guardian” ag Comhdháil Chanálacha an Domhain 2016 don chéad Suirbhé Bád Traidisiúnta den Chanáil Ríoga, den Chanáil Mhór agus d’uiscebhealach na Béarú. D’óstáil siad Comhdháil Chanálacha an Domhain in Áth Luain in 2018 fosta a mheall 48 cainteoir ó fud fad an domhain agus a chuir fáilte roimh 300 toscaire cuairt a thabhairt ar uiscebhealaí den chéad scoth agus amharc ar na héachtaí innealtóireachta. Bhain Uiscebhealaí Éireann Duais Ghlas na hEarnála Poiblí in 2020 mar aitheantas ar an méid oibre atá déanta aige agus ar a ghealltanais le todhchaí níos glaise a fhorbairt.

Bhí méadú de 3,288 bád ar méid na mbád a bhí cláraithe leis na huiscebhealaí a úsáid thar an tréimhse 2016 go 2019.

## **Cúrsaí Rialachais Chorparáidigh**

Nótáil an Chomhairle Tuarascálacha agus Cuntais Bhliantúla Uiscebhealaí Éireann do na blianta, 2016, 2017 agus 2018, a bhí curtha faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann agus an dá Theach den Oireachtas. Bhí an Tuarascáil Bhliantúil agus na Dréachtchuntais do 2019 curtha chuig na hArd-Reachtairí agus na hArd-Iniúcháirí sa dá dhlínse agus, i ndiaidh a ndeimhnithe cuirfear faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann agus an dá Theach den Oireachtas iad.

D’fhaomh an Chomhairle Plean Corparáideach 2017-2019, Pleananna Gnó agus Buiséid Uiscebhealaí Éireann do 2017, 2018, 2019. Faomhadh Pleananna Gnó agus Buiséid 2020 agus 2021 ag an chruinniú Institiúideach i mí na Nollag.

## **Próiseas Earcaíochta Príomhfheidhmeannaigh**

Faomhadh agus thosaigh an próiseas earcaíochta do phost Phríomhfheidhmeannach Uiscebhealaí Éireann agus táthar ag súil go ndéanfar an ceapachán go luath in 2021.

## **Diúscairt Sealúchas**

Chomhaontaigh an Chomhairle roinnt sealúchas a dhiúscairt.

## **AN COMHLACHT TEANGA THUaidH THEAS**

Reáchtáladh cruinniú Chomhlacht Teanga na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas ar 27 Samhain 2020 in oifigí Chomhrúnaíocht CATT, Ard Mhacha agus trí fhíschomhdháil. D'fhreastail Jack Chambers TD, Aire Stáit na Gaeltachta agus Spóirt, Carál Ní Chuilín CTR, Aire Pobal, agus Gordon Lyons CTR, Aire Sóisearach, Oifig an Fheidhmeannais, ar an chruinniú.

Thug Príomhfheidhmeannaigh na nGníomhaireachtaí atá sa Chomhlacht Teanga Thuaidh Theas (Foras na Gaeilge agus Tha Boord o UlsterScotch) agus ionadaithe a mBord an t-eolas is déanaí do na hAirí ar ghníomhaíochtaí feidhmithe na nGníomhaireachtaí ó bhí an cruinniú earnála deireanach ann in 2016.

Nótáil an Chomhairle na héachtaí líonmhara, ina measc na héachtaí seo a leanas:

### **Gníomhaireacht na hUltaise**

- dáileadh níos mó ná £4 milliún de dheontais le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí cultúrtha Albanacha Uladh ar fud Chúige Uladh;
- forbairt Ionad Discover Ulster-Scots, Oirthear Thír Chonaill agus athchóiriú Ionad Oidhreachta Albanach Uladh na Móna Riabhaí, An Carraigín;
- tugadh tacaíocht do 30 scoil breise ar fud Chúige Uladh le stádas Scoil Suaitheanta Albanach Uladh a bhaint amach;
- réachtáladh an chéad Seachtain Ultaise riamh, ina measc tráth na gceisteanna When o Wurds, inar ghlac 30,000 duine ó fud fad an domhain páirt ann; agus
- forbairt caidreamh le príomhpháirtithe leasmhara in Albain, ina measc obair a dhéanamh le Foclóirí Albainise le Tionscadal Foclóra Ultaise a fhorbairt a chuirfear isteach sa straitéis Albanach Uladh atá ag teacht chun cinn.

### **Foras na Gaeilge**

- foilsíodh an chéad fhoclóir Béarla-Gaeilge ar líne, agus seoladh an leagan clóite ina dhiaidh sin, a bhí dailte ar shiopaí leabhar;
- an tacaíocht a tugadh do 400 eagraíocht gach bliain trí 23 scéim éagsúla agus an maoiniú a tugadh do thart ar 170 grúpa faoi na scéimeanna do dhaoine óga, do 50 grúpa ag tacú le féilte agus do 18 chompántas drámaíochta, mar aon le scéimeanna tacaíochta gnó;
- rinneadh athbhreithniú ar scéim na nOifigeach Gaeilge. Thug an scéim maoiniú meaitseála do cheathrar Oifigeach Forbatha i gComhairle Cathrach Bhéal Feirste (1); Comhairle Cathrach Dhoire agus an tSratha Báin (1); Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí (2);
- tugadh maoiniú bliantúil do dhá Chultúrlann i nDoire agus i mBéal Feirste le hochtar ball foirne a fhostú, agus do dhá stáisiún raidió pobail le hochtar ball foirne a fhostú eatarthu; agus
- Seoladh an Bunachar Sonraí Téarmaíochta don Ghaeilge téarma.ie, agus tá an foclóir Béarla-Gaeilge nua ar líne anois. Tá an leagan clóite den fhoclóir á dháileadh ar shiopaí leabhar ar fud an oileáin agus thar sáile.

Bhí comhoibriú leanúnach idir Gníomhaireachtaí an Chomhlachta ar thionscnaimh chorparáideacha agus eagraíochtúla éagsúla. Ina measc bhí ábhair agus beartais um chosaint leanaí, críochnú na dtuarascálacha bliantúla agus na bpleananna corparáideacha, comhordú na dtuaisceán reachtúil, agus roinnt léargas agus eolais eagraíochtúil a chuidíonn leis an dá ghníomhaireacht a rólanna a chomhlíonadh.



*Bronnann Pádraig Ó Mianáin, Foras na Gaeilge, foclóir nua Béarla-Gaeilge ar An Taoiseach, Micheál Martin*



*Ceiliúradh Mór Lá Burns Gníomhaireacht na hUltaise i Halla Cathrach Bhéal Feirste i mí Eanáir 2020*

## **Éifeacht Covid-19**

Nótáil an Chomhairle éifeacht na paindéime ar an earnáil, agus na bearta a chuir an dá Rialtas i bhfeidhm le cosc a chur ar phríomheagraíochtaí ag dúnadh, leis an earnáil a chobhsú agus le tacaíocht a thabhairt do théarnamh níos fadtéarmaí, d'athnuachan agus d'athrú. Chuir na hAirí fáilte roimh choimítmint leanúnach na n-oibríthe foirne agus na n-eagraíochtaí uilig sa dá dhlínse a oibríonn leis na hearnálacha Gaeilge agus Ultaise a chur chun cinn agus le tacaíocht a thabhairt dóibh le linn phaindéim Covid-19.

## **Tionchar Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an AE**

Nótáil an Chomhairle go leanfadh na Gníomhaireachtaí ar aghaidh comhoibriú le chéile leis na ranna bainteacha sa dá dhlínse agus machnamh a dhéanamh ar thionchar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an AE. Nótáil na hAirí nach mbeadh an Comhlacht ag súil le thionchair mhóra ar an earnáil, agus go mbeadh an cheist seo á coinneáil faoi athbhreithniú ag cruinniú CATT san earnáil seo sa todhchaí.

## **Cúrsaí Rialachais Chorparáidigh**

Ag cruinniú institiúideach na Comhairle, a reáchtáladh in Ard Mhacha ar 16 Nollaig, nótaíl an Chomhairle Tuarascálacha agus Cuntais Bhliantúla an Chomhlachta do na blianta, 2016 agus 2017, a bhí curtha faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann agus an dá Theach den Oireachtas. Nótáil an Chomhairle go raibh Tuarascálacha agus Cuntais Bhliantúla an Chomhlachta Thuaidh Theas deimhnithe do 2018 agus go gcuirí faoi bhráid CATT iad ag cruinniú sa todhchaí móide gur cuireadh tús leis na hiniúchtaí allamuigh do chuntais 2019 sa dá Gníomhaireacht.

D'fhaomh an Chomhairle Pleananna Gnó agus Buiséid/Deontais an Chomhlachta Teanga Thuaidh Theas do 2018, 2019 agus 2020, agus go raibh Plean Corparáideach 2017-2019, a bhí comhaontaithe ag na Ranna Urraithe agus ag na hAirí, críochnaithe de réir na treorach comhaontaithe arna heisiúint ag an Roinn Geilleagair agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Nótáil an Chomhairle go gcuirfí Plean Corparáideach 2020-2022 agus Plean Gnó 2021 an Chomhlachta Teanga Thuaidh Theas faoina bráid ag cruinniú CATT sa toadhcháí, i ndiaidh na gceaduithe riachtanacha.

### **Ceapachán na mBall Boird ar an Chomhlacht Teanga Thuaidh Theas**

D'fhaomh an Chomhairle ceapachán roinnt Ball Boird, ag an chruinniú earnála i mí na Samhna agus ag an chruinniú institiúideach a reáchtáladh in Ard Mhacha i mí na Nollag.

## **CLÁIR SPEISIALTA AE**

Reáchtáladh cruinniú Chláir Speisialta AE na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas ar 30 Deireadh Fómhair 2020 in oifigí Chomhrúnaíocht CATT, Ard Mhacha agus trí fhíschomhdháil. D'fhreastail Conor Murphy CTR, Aire Airgeadais, Peter Weir CTR, Aire Oideachais agus Michael McGrath TD, Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar an chruinniú.

### **Impleachtaí Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an AE**

Nótáil an Chomhairle go soláthródh an Comhaontú Aistarraingthe agus an Fógra Polaitiúil do na cláir PEACE IV agus INTERREG VA le leanstan ar aghaidh agus do chlár a bheadh mar chomharba orthu. Tá cur i bhfeidhm chlár PEACE IV agus INTERREG VA ag leanstan ar aghaidh agus tá an phleanáil do chlár PEACE PLUS tosaithe.

### **An Fhreagairt ar Covid-19**

Nótáladh éifeacht Covid-19 ar chlár PEACE IV agus INTERREG VA agus na gníomhaíochtaí a bhí curtha i bhfeidhm ag Comhlacht Chláir Speisialta an AE (CCSAE) chun cuidiú le tionscadail a chomhlíonadh agus chun cur i bhfeidhm clár a chinntiú. Nótáil an Chomhairle fosta go mbeadh gníomhaíochtaí téarnaimh Covid-19 sa chlár PEACE PLUS, atá á fhorbairt.

### **Cláir Reatha**

Thug Príomhfheidhmeannach CCSAE léargas ar chlár PEACE agus INTERREG 2014-2020. Leanann an CCSAE ar aghaidh rannpháirteachas Thuaidh/Theas i gcláir Thrasnáisiúnta agus Idir-réigiúnacha INTERREG VB agus VC a éascú. Nótáil an Chomhairle gur faomhadh 96 tionscadal arbh fhiú €277.9m iad do mhaoiniú PEACE IV agus gur faomhadh 34 tionscadal arbh fhiú €291.1m iad do mhaoiniú INTERREG VA.

### **PEACE PLUS**

Nótáil an Chomhairle an dul chun cinn a bhí déanta ar fhorbairt chlár PEACE PLUS agus an comhairliúchán poiblí a bheadh le déanamh le soláthar do thuilleadh rannpháirteachais ó pháirtithe leasmhara. I ndiaidh tuilleadh plé le Ranna agus Áirí chun clár comhaontaithe a bhaint amach, cuirfear cáipéis chomhoibríthe dheireanach chlár PEACE PLUS chuig an dá Rialtas, do CATT agus do Choimisiún na hEorpa le haghaidh a bhfaofa.

### **Pleananna Gnó agus Corparáideacha**

D'fhaomh an Chomhairle Pleananna Corparáideacha Chomhlacht Chláir Speisialta AE do 2017-19 agus 2020-22 agus na Pleananna Gnó do 2017, 2018, 2019, 2020 agus 2021.

## Tuarascálacha agus Cuntais Bhliantúla

Nótáil an Chomhairle Tuarascálacha agus Cuntais Bhliantúla Chomhlacht Chláir Speisialta AE do na blianta, 2016, 2017 agus 2018, a bhí deimhnithe ag na hArd-Reachtairí agus na hArd-Iniúcháirí sa dá dhlínse agus a bhí curtha faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann agus an dá Theach den Oireachtas.

## Cúrsaí Foirne agus Eagraíochtúla

Chomhaontaigh an Chomhairle cé go bhfeidhmíonn struchtúir rialachais CCSAE go héifeachtach go fóill, go ndéanfadh na ranna urraithe machnamh ar athbhreithniú eagraíochta neamhspleách ar CCSAE agus go gcuirí dréacht-théarmaí tagartha chuig CATT a dhéanfadh machnamh orthu sula dtosófaí athbhreithniú ar bith.



*Damba Uachtar Chluanaí arna mhaoiniú ag tionscadal Spásanna Roinnte PEACE IV á fhíorú trí Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste*

## FORBAIRT TRÁDÁLA AGUS GNÓ

Reáchtáladh cruinniú Fhorbairt Trádála agus Gnó na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas ar 25 Samhain 2020 in oifigí Chomhrúnaíocht CATT, Ard Mhacha, agus trí fhíschomhdháil. D'fhreastail Diane Dodds CTR, Aire Geilleagair, Conor Murphy CTR, Aire Airgeadais, agus Leo Varadkar TD, An Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ar an chruinniú.



*Foireann IdirThrádáilÉireann ag ceiliúradh 20 bliain de IdirThrádáilÉireann ag tacú le trádáil agus le forbairt gnó trasteorann.*

### **An Fhreagairt ar Covid-19**

Nótáil an Chomhairle éifeacht na paindéime ar an tsochaí agus ar an gheilleagar sa dá dhlínse agus na bearta a chuir an dá Rialtas i bhfeidhm le tacaíocht a thabhairt do phobail agus do ghnóthaí a raibh tionchar ag an ghéarchéim orthu mar aon le cuidiú le téarnamh geilleagrach.

Chuir na hAirí fáilte roimh an chomhoibriú fhiúntach idir an dá Rialtas agus IdirThrádáilÉireann maidir le tacaíocht a thabhairt do ghnóthaí a bhfuil dúshlán acu de dheasca theacht chun cinn Covid-19 agus nótaíl siad an tacaíocht a thug IdirThrádáilÉireann le cuidiú le gnóthaí déileáil leis na dúshlán seo, go háirithe i réimsí bhainistíocht an tsabhra soláthair, sláinte agus sábháilteachta agus acmhainní daonna.

### **Impleachtaí Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an AE**

Nótáil an Chomhairle an obair atá á déanamh le hullmhú do dheireadh na hidirthréimhse agus na himpleachtaí do chomhoibriú san earnáil Fhorbairt Trádála agus Gnó de thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an AE.

## **Tuarascáil IdirThrádáilÉireann ar Dhul Chun Cinn**

Chuir na hAirí fáilte roimh an tuarascáil ar dhul chun cinn a thug Cathaoirleach Bhord IdirThrádáilÉireann, Ken Nelson, agus an tOifigeach Ceaptha, Aidan Gough. Chuir an Chomhairle fáilte roimh éachtaí foriomlána IdirThrádáilÉireann ó 2016 go 2020 agus d'aithin sí an méid oibre luachmhaire a bhí déanta ag IdirThrádáilÉireann trína chlár trádála agus forbartha do ghnóthaí beaga agus meánghnóthaí ag trádáil trasna na teorann agus sa dá dhlínse. Mhol na hAirí IdirThrádáilÉireann dá chuid oibre agus é ag cuidiú le gnóthaí ullmhú do tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an AE, agus dá chuid taighde ar an cheist seo. D'aithin an Chomhairle fosta tionchar na gclár nuálaíochta agus teicneolaíochta atá á reáchtáil ag IdirThrádáilÉireann, agus a chuid tacaíochta le caidrimh a fhorbairt idir comhlachtaí agus taighdeoirí.

### **Cúrsaí Rialachais Chorporáidigh**

D'fhaomh an Chomhairle Pleananna Gnó agus Buiséid/Deontais IdirThrádáilÉireann do 2017, 2018, 2019 agus 2020, agus Plean Corparáideach 2017-2019 IdirThrádáilÉireann a bhí comhaontaithe ag na Ranna Urraithe agus ag na hAirí Airgeadais. Nótáil na hAirí Tuarascálacha agus Cuntais Bhliantúla IdirThrádáilÉireann do na blianta, 2016, 2017 agus 2018, a bhí deimhnithe ag na hArd-Reachtairí agus na hArd-Iniúcháirí, agus a bhí curtha faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann agus an dá Theach den Oireachtas. D'iarr na hAirí ar na Ranna Urraithe machnamh a dhéanamh ar líon foirne IdirThrádáilÉireann, i gcomhar le Comhrúnaíocht CATT agus na Ranna Airgeadais, agus an t-eolas is déanaí a thabhairt ag an chéad Chruinniú Fhorbairt Trádála agus Gnó eile.

Ag a cruinniú institiúideach i mí na Nollag, d'fhaomh an Chomhairle Plean Gnó agus Buiséid/Deontais IdirThrádáilÉireann do 2021 agus Plean Corparáideach 2020-2022 IdirThrádáilÉireann.

### **Ceapacháin Boird**

Nótáil an Chomhairle roinnt ceapachán ar Bhord IdirThrádáilÉireann ag cruinniú institiúideach i mí an Mhárta agus ag cruinniú earnála Fhorbairt Trádála agus Gnó i mí na Samhna.

### **Taighde agus Forbairt Chomhoibritheach**

Nótáil an Chomhairle an dul chun cinn agus staid reatha an chomhoibrithe Thuaidh/Theas maidir le Clár Horizon 2020 chomh maith leis na héachtaí agus an staid reatha i dtaca le Páirtíocht T&F na SA-na hÉireann. Nótáil na hAirí go leanfadh IdirThrádáilÉireann ar aghaidh obair a dhéanamh le páirtithe leasmhara, Ranna Urraithe ina measc, bealaí nua a iniúchadh (airgeadúil agus neamhairgeadúil) a chothódh agus a neartódh comhoibriú Taighde agus Nuálaíochta trasna an dá dhlínse.

### **Próiseas Earcaíochta Príomhfheidhmeannaigh**

Nótáil an Chomhairle gur cuireadh tús leis an phróiseas Príomhfheidhmeannach in IdirThrádáilÉireann a cheapadh, ag úsáid an phróisis fhaofa atá ann faoi láthair agus i ndiaidh comhairliúcháin le Comhrúnaíocht CATT agus na Ranna Airgeadais faoi seach.



## CAIBIDIL 4

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ FOR-ROCHTANA CHOMHRÚNAÍOCHT CATT

Reáchtáil Comhrúnaíocht CATT seimineár do scoileanna in oifigí na Comhrúnaíochta in Ard Mhacha Déardaoin 23 Eanáir 2020 a dhírigh ar ábhar na sábháilteachta ar bhóithre.

D'fhreastail caoga mac léinn 16 go 17 bliana d'aois, ó dheich scoil sa cheantar trasteorann áitiúil ar an seimineár idirghníomhach. I measc na ngníomhaíochtaí a bhí ann bhí léargas ar obair na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas agus ina dhiaidh sin rinne SPTÉ agus An Garda Síochána, Muineachán, cur i láthair idirghníomhach, le fíorshamplaí den dóigh a bhfuil éifeacht mhór throm ag imbhuailtí tráchta ar bhóithre ar theaghlach. Rinne Seirbhís Dóiteáin agus Tarrhála Thuaisceart Éireann taispeántas fisiceach ar dhaoine a gortaíodh a tharrháil ó fheithicil i ndiaidh imbhuailte thráchta ar bhóthar.

I ndiaidh na gcur i láthair bhí deis ag na mic léinn ó na scoileanna a bhí páirteach ann ról na nAirí ón Fheidhmeannas agus ó Rialtas na hÉireann a dhéanamh nuair a ghlac siad páirt i mbréagchruinniú na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas le ceistanna sábháilteachta ar bhóithre a phlé agus le teacht ar chomhaontú faoi bheartais sa todhchaí ó thaobh oideachais, bonneagair agus an dlí de.



*Pearsanra Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrhála Thuaisceart Éireann ag imeacht for-rochtana mac léinn Chomhrúnaíocht CATT i mí Eanáir 2020*

## IARSCRÍBHINN 1

### CRUINNITHE CATT IN 2020

Cruinniú CATT	Dáta	Áit
Iomlánach	31 Iúil 2020	Caisleán Bhaile Átha Cliath
	18 Nollaig 2020	Ard Mhacha agus trí fhíschomhdháil
Institiúideach	11 Márta 2020	Ard Mhacha
	16 Nollaig 2020	Ard Mhacha
Talmhaíocht	18 Samhain 2020	Ard Mhacha agus trí fhíschomhdháil
Oideachas	06 Samhain 2020	Ard Mhacha agus trí fhíschomhdháil
Comhshaol	21 Deireadh Fómhair 2020	Ard Mhacha agus trí fhíschomhdháil
Sláinte agus Sábháilteacht Bia	02 Deireadh Fómhair 2020	Ard Mhacha agus trí fhíschomhdháil
Iompar	07 Deireadh Fómhair 2020	Ard Mhacha agus trí fhíschomhdháil
Dobharshaothrú agus Cúrsaí Mara	21 Deireadh Fómhair 2020	Ard Mhacha agus trí fhíschomhdháil
Uiscebhealaí Éireann	11 Samhain 2020	Ard Mhacha agus trí fhíschomhdháil

An Comhlacht Teanga Thuaidh Theas	27 Samhain 2020	Ard Mhacha agus trí fhíschomhdháil
Comhlacht Chláir Speisialta AE	30 Deireadh Fómhair 2020	Ard Mhacha agus trí fhíschomhdháil
Forbairt Trádála agus Gnó	25 Samhain 2020	Ard Mhacha agus trí fhíschomhdháil
Turasóireacht	25 Samhain 2020	Ard Mhacha agus trí fhíschomhdháil

## IARSCRÍBHINN 2

### COMHRÚNAÍOCHT CHOMHAIRLE AIREACHTA THUaidH THEAS

Faigheann Comhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) tacaíocht ó Chomhrúnaíocht sheasta, ar a bhfuil foireann ó Státseirbhís Thuaisceart Éireann agus Státseirbhís na hÉireann. Is í Oifig an Fheidhmeannais (OAF) an mháthair-Roinn do státseirbhísigh Thuaisceart Éireann agus is í an Roinn Gnóthaí Eachtracha (RGE) an mháthair-Roinn do státseirbhísigh na hÉireann.

#### Feidhmeanna

Seo thíos feidhmeanna na Comhrúnaíochta:

- sceidealú chruinnithe na Comhairle a shocrú i bhformáidí éagsúla;
- comhaontú polaitiúil a fháil roimh ré do na cláir a bheidh ag cruinnithe na Comhairle;
- páipéir a ullmhú agus a choimisiúnú do chruinnithe na Comhairle, lena n-áirítear rudaí a bhaineann lena clár oibre;
- comhráitis a dhréachtú mar aon le Taifid de Chinntí na Comhairle;
- cinntí na Comhairle a fhógairt agus monatóireacht a dhéanamh ar a gcur i bhfeidhm;
- tuarascáil bhliantúil a dhréachtú ar imeachtaí na Comhairle;
- feidhmiú mar ghléas cumarsáide le Comhlachtaí Forfheidhmithe;
- nuair is cuí, tríd an Roinn nó an Oifig ainmnithe i gceachtar den dá dhlínse, teagmháil le Rúnaíocht Chomhdháil Chomhrialtasach na Breataine-na hÉireann, le Rúnaíocht Chomhairle na Breataine-na hÉireann, leis an chomhfhóram parlaiminteach Thuaidh/Theas agus leis an fhóram comhairliúcháin neamhspleách nuair a bhunófar é; agus
- tasc ar bith eile a dhéanamh a ordóidh an Chomhairle.

#### Maoiniú

Is iad OAF agus RGE a dhíolann as costais na foirne. Idir an dá rialtas a roinntear gach costas eile a bhaineann leis an Chomhrúnaíocht agus CATT. Is é an costas a bhí ar reáchtáil na Comhrúnaíochta in 2020 ná Stg £1,755,816/ €1,984,818.

## IARSCRÍBHINN 3

### NA COMHLACHTAÍ FORFHEIDHMITHE THUaidH THEAS

Feidhmíonn gach ceann de na sé Chomhlacht Thuaidh Theas ar bhonn uile-oileánda. Tá cúram oibríochtúil soiléir acu go léir agus feidhmíonn siad faoi stiúir bheartais iomlán na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas. Tá freagracht shoiléir acu don Chomhairle, don Oireachtas agus do Thionól Thuaisceart Éireann.

Cuireann na boird bainistíochta, atá ceaptha ag CATT, trí cinn de na Comhlachtaí, IdirThrádáil Éireann, an Comhlacht Teanga Thuaidh Theas agus Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann i bhfeidhm. Tá Bord Comhairleach, atá ceaptha ag CATT fosta, ag an Bhord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia agus cuireann an Príomhfheidhmeannach an Comhlacht i bhfeidhm. Níl Bord ar bith ag an dá chomhlacht eile, Uiscebhealaí Intíre agus Comhlacht Chláir Speisialta an Aontais Eorpaigh, agus cuireann an Príomhfheidhmeannach iad i bhfeidhm.

Tugtar achoimre ghairid ar na Comhlachtaí, ar a bpríomhfheidhmeanna agus ar a sonraí teagmhála thíos.

### Uiscebhealaí Éireann



[www.waterwaysireland.org](http://www.waterwaysireland.org)

Tá Uiscebhealaí Éireann príomhfhreagrach as bainistiú, caomhnú, forbairt agus athchóiriú na gcóras uiscebhealaí intíre atá inseolta ar fud an oileáin, go háirithe ar mhaithe le caitheamh aimsire. Faoi láthair tá Uiscebhealaí Éireann freagrach as na huiscebhealaí seo a leanas:

- Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne
- Córas na hÉirne
- An Chanáil Mhór
- Córas Loingseoireachta na Bearú
- Córas Loingseoireachta na Banna Íochtaráí
- An Chanáil Ríoga
- Córas Loingseoireachta na Sionainne

Ba é John McDonagh a chomhlíon feidhmeanna Phríomhfheidhmeannach Uiscebhealaí Éireann le linn 2020 agus ó shin ceapadh go foirmiúil é mar an Phríomhfheidhmeannach. Tá Ceannáras Uiscebhealaí Éireann suite in Inis Ceithleann agus tá Oifigí Réigiúnacha aige suite ar an Scairbh, Co. an Chláir, i gCora Druma Rúisc, Co. Liatroma agus i mBaile Átha Cliath.

## **An Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia**



[www.safefood.net](http://www.safefood.net)

Tá an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia príomhfhreagrach as tascanna bainteach le feasacht ar shábháilteacht bia – trí fheachtais phoiblí, comhdhálacha, traenáil agus comhairle a thabhairt do ghairmithe agus don ghnáthphobal. Tugann sé tacaíocht do chomhoibriú eolaíochta Thuaidh Theas, agus do naisc idir na hinstiúidí a phléann le sábháilteacht bia – saotharlanna, gníomhaireachtaí forfheidhmithe reachtúla sábháilteachta bia agus comhlachtaí taighde idirnáisiúnta agus náisiúnta. Sa chúram atá aige tá cur chun cinn sainseirbhísí saotharlainne, Thuaidh agus Theas. Tá comhoibriú trasteorann sna réimsí seo go léir, idir na heagrais a phléann leis na réimsí seo, barrthábhachtach d'obair an Chomhlachta.

Is é Ray Dolan Príomhfheidhmeannach an Bhoird um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia. Feidhmíonn an Comhlacht óna oifigí i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath.

## **An Comhlacht Forbairt Trádála agus Gnó (IdirThrádáilÉireann)**



[www.intertradeireland.com](http://www.intertradeireland.com)

Déanann IdirThrádáilÉireann réimse feidhmeanna luachmhara san earnáil trádála agus gnó. Faoi stiúir bheartas foriomlán CATT, comhoibríonn IdirThrádáilÉireann go dlúth leis an Roinn Geilleagair, Béal Feirste, leis an Roinn Post, Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Baile Átha Cliath, agus leis na gníomhaireachtaí forbartha atá ann faoi láthair, Thuaidh agus Theas. Tá fócas ar leith aige ar chomhoibriú trádála agus gnó Thuaidh Theas a chur chun cinn trí chumas fiontraíochta, iomaíocht agus líonraí a fhorbairt. Tá sé mar aidhm ag IdirThrádáilÉireann mór is fiú a dhéanamh den obair atá á déanamh ag na gníomhaireachtaí forbairt trádála agus gnó atá ann faoi láthair.

Bhí Aidan Gough ina Oifigeach Ceaptha IdirThrádáilÉireann i rith 2020, go dtí go gceapfaí Príomhfheidhmeannach go buan; bhí Margaret Hearty mar chomharba air i ról an Oifighe Ceaptha. Tá oifigí IdirThrádáilÉireann suite san Iúr.

## Comhlacht Chláir Speisialta an Aontais Eorpaigh (CCSAE)



[www.seupb.eu](http://www.seupb.eu)

Is í an príomhfhreagracht atá ag an Chomhlacht um Chláir Speisialta an Aontais Eorpaigh (CCSAE) ná bheith mar an tÚdarás Bainistíochta do Chláir AE éagsúla. Déanann feidhmeanna bainistíochta CCSAE cúram do rólanna riaracháin, deontais agus maoirseachta maidir le Tionscnaimh Pobail faoi na Cistí Struchtúrtha Eorpacha. I measc teidil na gcistí roimhe agus reatha tá INTERREG I, II, III agus IVA agus VA; LEADER+, URBAN II, EQUAL, Cláir AE um Shíocháin agus Athmhuintearas, PEACE I, II, III agus IV agus an Clár Comhoibrithe Críochach.

Is í an Bhean Uasail Gina McIntyre Príomhfheidhmeannach an Chomhlachta. Tá formhór fhoireann an Chomhlachta suite sa Cheannáras i mBéal Feirste, ach tá oifigí i Muineachán agus ar an Ómaigh, Co. Thír Eoghain fosta.

## Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann



[www.loughs-agency.org](http://www.loughs-agency.org)

Feidhmíonn Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann trí Gníomhaireacht na Lochanna atá freagrach as cur chun cinn agus forbairt Loch Feabhail agus Loch Chairlinn do chuspóirí tráchtála agus fóillíochta maidir le cúrsaí mara, iascaigh agus dobharshaothraithe.

Tá Sharon McMahon ina hOifigeach Ceaptha de Gníomhaireacht na Lochanna go dtí go gceapfar Príomhfheidhmeannach go buan. Tá oifigí na Gníomhaireachta suite i nDoire~Londaindoire.

## An Comhlacht Teanga/An Foras Teanga/North-South Body o Leid



[www.forasnagaeilge.ie](http://www.forasnagaeilge.ie)    [www.ulsterscotsagency.com](http://www.ulsterscotsagency.com)

Tá dhá ghníomhaireacht sa Chomhlacht Teanga amháin seo - Foras na Gaeilge agus Tha Boord o Ulster-Scotch. Tá Foras na Gaeilge freagrach as cur chun cinn na Gaeilge ar fud an oileáin agus tá Tha Boord o Ulster-Scotch freagrach as staidéar a dhéanamh ar, caomhnú, forbairt agus úsáid Albanais Uladh mar theanga bheo: réimse iomlán a cultúir bhaintigh a spreagadh agus a fhorbairt; agus tuiscint ar stair Albanais Uladh a chur chun cinn.

Is é Seán Ó Coinn Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge. Tá príomhoifig na Gníomhaireachta suite i mBaile Átha Cliath agus tá fo-oifigí aici suite i mBéal Feirste agus i nDún na nGall.

Is é Ian Crozier Príomhfheidhmeannach Ghníomhaireacht Albanais Uladh. Tá a príomhoifig suite i mBéal Feirste agus tá fo-oifig aici i nDún na nGall.



## IARSCRÍBHINN 4

### TURASÓIREACHT ÉIREANN



<https://www.tourismireland.com>

Is comhlacht teoranta faoi úinéireacht phoiblí é Turasóireacht Éireann, a bunaíodh le hoileán na hÉireann a chur chun cinn thar sáile mar cheann scríbe turasóireachta. Feidhmíonn sé faoi choimirce na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas trí Earnáil Turasóireachta CATT. Cuireann bord, atá ceaptha ag CATT, a fheidhmeanna i bhfeidhm.

Oibríonn Turasóireacht Éireann go dlúth le Fáilte Ireland agus le Turasóireacht Thuaisceart Éireann i bpáirtíocht straitéiseach. Tá ról agus cúram ar leith ag gach gníomhaireacht, agus cuireann gach gníomhaireacht le hobair na gníomhaireachta eile agus iad ag tabhairt tacaíochta don tionscal turasóireachta sa dá dhlínse.

Is é Niall Gibbons an Príomhfheidhmeannach. Feidhmíonn an Comhlacht óna Cheannáras i mBaile Átha Cliath agus óna oifig réigiúnach i gCúil Raithin.

## IARSCRÍBHINN 5

### BAILL BOIRD NA gCOMHLACHTAÍ THUAIDH THEAS LE LINN 2020

*Muna sonraítear a mhalairt, seo thíos na baill boird a bhí ina mbaill le linn 2020.*

#### FORAS NA GAEILGE

Pól Ó Gallchóir (Cathaoirleach)	(go dtí 12 Nollaig 2020)
Barra Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach)	
Dominic Bradley	(ó 16 Nollaig 2020)
Mairéad Farrell	(go dtí 08 Feabhra 2020)
Dáithí Mac Cárthaigh	(ó 27 Samhain 2020)
Caoimhín Mac Giolla Mhín	(ó 16 Nollaig 2020)
Ola Majekodunmi	(ó 27 Samhain 2020)
Conor McGuinness	
Sorcha Ní Chéide	
Neasa Ní Chiaráin	(ó 27 Samhain 2020)
Maighréad Ní Chonghaile	
Máire Ní Neachtain	
Liadh Ní Riada	(ó 16 Nollaig 2020)
Niall Iósaf Ó Gallochobhair	
Kevin Ó hEadhra	(ó 16 Nollaig 2020)
Liam Rushe	(ó 16 Nollaig 2020)

#### THA BOORD O ULSTÈR SCOTCH

Keith Gamble (Cathaoirleach)  
Julie Andrews  
Iain Carlisle  
David McNarry

#### COIMISIÚN AN FHEABHAIL, CHAIRLINN AGUS SHOILSE NA hÉIREANN

Laurence Arbuckle (Cathaoirleach) (ó 16 Nollaig 2020)  
Andrew Duncan (Leas-Chathaoirleach)  
Allan Ewart  
Patrick Gibbons  
Heather Mackey  
Philomena Mahon  
Michael McCormick  
Ian McCrea  
Terry McWilliams  
Alastair Patterson  
Fiona Walsh

## **AN COMHLACHT FORBAIRT TRÁDÁLA AGUS GNÓ**

Ken Nelson (Cathaoirleach)	
Martin McVicar (Leas-Chathaoirleach)	(ó 25 Samhain 2020)
Kim Ashton	(ó 16 Nollaig 2020)
Florence Bayliss	(ó 11 Márta 2020)
Micheál Briody	
Pete Byrne	(ó 16 Nollaig 2020)
Tim Cairns	
Paul Greenfield	(go dtí 12 Nollaig 2020)
Michael Hanley	(ó 25 Samhain 2020)
Richard Kennedy	(ó 13 Nollaig 2020)
Adrienne McGuinness	(ó 11 Márta 2020)
Conor Patterson	(ó 16 Nollaig 2020)
Anne Rudden	(go dtí 12 Nollaig 2020)
David Simpson	(ó 16 Nollaig 2020)
James Spratt	(go dtí 12 Nollaig 2020)

## **AN BORD UM CHUR CHUN CINN SÁBHÁILTEACHTA BIA BORD COMHAIRLEACH**

Helen O'Donnell (Cathaoirleach)	
Alex Attwood	(ó 16 Nollaig 2020)
Teresa Canavan	(ó 16 Nollaig 2020)
Maeve Henchion	(ó 03 Deireadh Fómhair 2020)
Brendan Kehoe	
Sinéad McCarthy	
Alan McGrath	
Wendy McIntosh	
Stephen Moutray	
Mervyn Oswald	(go dtí 12 Nollaig 2020)
Eddie Rooney	
Mary Upton	

## **TURASÓIREACHT ÉIREANN CLG**

Joan O'Shaughnessy (Cathaoirleach)	(ó 11 Márta 2020)
Christopher Brooke (Leas-Chathaoirleach)	
Ruth Andrews	(ó 31 Iúil 2020)
Trevor Clarke	
Harry Connolly	
Joe Dolan	(ó 31 Iúil 2020)
Nóirín Hegarty	(ó 11 Márta 2020)
Graham Keddie	
John McGrillen	
Stephen McNally	(ó 31 Iúil 2020)
Mary Mulvey	(ó 31 Iúil 2020)
Kathryn Thompson	